Straitéis Iompair na Gaillimhe
Galway Transport Strategy

Clár Comhtháite Bainistíochta Iompair do Chathair na Gaillimhe agus don Cheantar Máguaird

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Dréacht | Meitheamh 2016





Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Aonad Iompair na Gaillimhe
Galway Transport Unit

SYSTRA

ARUP

Leis an straitéis iompair seo, tabharfar deis do Ghaillimh fás go fisiciúil agus go heacnamaíoch. Cuirfear roghanna iompair níos fearr ar fáil agus cruthófar fearann poiblí a mbeidh idir chónaitheoirí agus chuairteoirí in ann taitneamh a bhaint as. Beidh sé sin, dá réir sin, mar bhonn agus mar thaca ag cuspóirí na bPleananna Forbartha Cathrach agus Contae reatha agus todhchaí.

Ábhair

1 Réamhrá

2 An Comhthéacs Beartais agus Iompair

3 Forbairt Straitéise

4 An Gréasán Tráchta

5 Iompar Poiblí Áitiúil

6 Iompar Poiblí Réigiúnach

7 Rothaíocht, Siúl agus Fearann Poiblí

8 Bearta Comhlántacha

9 Cur i bhFeidhm agus Torthaí

“réigiún cathrach ceangailte arna thiomáint ag soghluaisteacht níos cliste”



HOSTEL
Coca-Cola
zero
GEL

1.1 Réamhrá

De réir mar a choinníonn Cathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird orthu ag fás, tá sé ríthábhachtach cosaint a thabhairt d'fhorbairt na cathrach mar phríomhionad eacnamaíochta Iarthar na hÉireann amach anseo, agus cinnte a dhéanamh de go mbeidh an fhorbairt inbhuanaithe. Tá géarghá le dul i ngleic leis na fadhbanna iompair atá ag an gcathair agus ag na ceantair máguaird faoi láthair, agus bonn agus taca a chur faoi fhás amach anseo trí phlean fadtéarmach a bhunú d'iompar go dtí an chathair, taobh istigh den chathair agus timpeall na cathrach.

Ar a lán bealaí, is cathair contrárthachtaí í Gaillimh ó thaobh a cuid forbartha fisiciúla agus a cuid riachtanas iompair de. Cé go bhfuil croílár na Gaillimhe beag agus insiúlta, taobh amuigh de lár na cathrach tá na fo-bhailte tar éis forbairt mar shraith limistéar cónaithe agus fostaíochta ísealdlúis. An toradh air sin ná gurb é an carr príobháideach an príomh-mheán taistil.

Tá na fadhbanna iompair ar fud na cathrach, go háirithe i gcaitheamh buaicuaireanta, ag cur isteach go mór ar chaighdeán beatha na gcónaitheoirí, agus tá siad ag cur isteach ar chumas eacnamaíochta na cathrach anois. Tá na hiarmhairtí seo ag síneadh amach go dtí an contae agus an réigiún níos leithne mar gheall ar an líon mór daoine a bhíonn ag comaitéireacht gach lá i gcomhair oibre nó oideachais ó na bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe mórthimpeall.

Chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tar éis dréacht-Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) a fhorbairt, straitéis a bhfuil sé mar aidhm léi dul i ngleic le riachtanais reatha agus todhchaí an limistéir staidéir a chuimsíonn an chathair agus na bailte agus sráidbhailte máguaird, lena n-áirítear Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Baile Chláir.

Tógann dréacht-Straitéis Iompair na Gaillimhe ar staidéir iompair a rinneadh roimhe seo do Réigiún na Gaillimhe, agus leagtar amach inti léargas ginearálta ar na gníomhartha agus bearta a bhfuil sé molta iad a chur i bhfeidhm, ag cuimsiú gnéithe bonneagair, oibriúcháin agus beartais ('Clár Comhtháite Bainistíochta Iompair'). Soláthróidh na moltaí comhdhlúite seo creat feidhmithe soiléir do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird don chéad 20 bliain eile agus bainfear úsáid astu chun maoiniú a fháil le tionscadail a sheachadadh ar bhonn céimnithe bunaithe ar riachtanais tosaíochta.

Ar deireadh thiar, beidh an straitéis mar bhonn agus mar thaca ag cuspóirí forbartha agus eacnamaíochta Phleananna Forbartha reatha agus todhchaí Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe.

Cuirtear forbairt na dréachtstraitéise, anailís ar an dréachtstraitéis agus bearta atá molta chun tacú léi i láthair sa tuairisc achomair seo.

Na chéad chéimeanna eile

Maoiniú a Fháil do na Bearta Molta

Na Bearta Molta a Phleanáil agus a Dhearadh

Na Bearta a Chur i bhFeidhm

TO LET
To Let
STOP
5

Bíonn brú tráchta i nGaillimh ag buaicuaireanta agus éiginnteacht ó thaobh cá fhad a thógfaidh aistear do gach cineál mótariompair.

1.2 Saincheisteanna Reatha

De bharr roinnt saintréithe sonracha de chuid Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird, tá fadhbanna agus neamhéifeachtúlachaí suntasacha ann i leith gluaiseacht daoine agus earraí, lena n-áirítear:

- Daoine a bheith ag brath an iomarca ar charranna príobháideacha;
- Brú tráchta ag buaicuaireanta agus éiginnteacht ó thaobh cá fhad a thógfaidh aistear do gach cineál mótariompair;
- Ábhar imní ó thaobh sábháilteachta de mar thoradh ar phlódú tráchta;
- A lán príomh-acomhal taobh istigh den chathair a bheith róghnóthach;
- Fadhbanna nascachta ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil mar thoradh orthu méid suntasach de thrácht traschontae agus straitéiseach idir Gaillimh thoir agus Gaillimh thiar a bheith á dhíriú ar limistéar na cathrach, agus á chur tríd, d'fhonn Abhainn na Gaillimhe a thrasnú;
- Patrún na forbartha cónaithe sa limistéar, mar aon le suíomh ceann scríbe fostaíochta, a bheith ag cruthú a lán éileamh ar thaisteal traschathrach agus ar thaisteal go dtí an chathair;
- A lán forbairt cónaithe a bheith i ngar do mhórchinn scríbe fostaíochta agus oideachais ar fud na cathrach, ach gan fáil éasca a bheith orthu de shiúl na gcos, ar an rothar ná ar iompar poiblí, rud a spreagann taisteal sa charr príobháideach;
- Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe a bheith chomh gar sin dá chéile, dá shrian nádúrtha fhisiciúla a théann i bhfeidhm ar an gcathair;
- Loch Coirib, Abhainn na Gaillimhe agus Cuan na Gaillimhe a bheith ag cur bac nádúrtha ar thrácht traschathrach agus traschontae agus an t-uafás tráchta ar na trí phríomhbhealach trasna na habhann, rud a fhágann go mbíonn brú tráchta agus moill ann;
- Suíomh Chathair na Gaillimhe mar mhórionad réigiúnach fostaíochta agus oideachais do cheantar mór tíreolaíochta, rud a fhágann go mbíonn a lán daoine ag déanamh turas fada chun na hoibre, daoine nach rogha réalaíoch dóibh é an t-iompar poiblí faoi láthair. An toradh a bhíonn air seo ná go mbíonn níos mó carranna ag teacht isteach sa chathair;
- Tionchar an phlódaithe tráchta ar chlú na cathrach, go háirithe ó thaobh forbairt isteach de;
- A lán de na ceantair chónaithe a bheith sna bruachbhailte, agus poist a bheith scaipthe go leathan in áiteanna lárnacha agus in áiteanna nach bhfuil lárnach, rud a fhágann nach rogha inmharthana é an t-iompar poiblí faoi láthair do mhórán aistear;
- Amanna aistir fada agus moill ar an ngréasán bus atá ann faoi láthair. Ceann de na cúiseanna leis seo ná easpa spáis ar na bóithre i lár na cathrach le haghaidh tús áite do bhusanna a thabhairt isteach. Is lú seans go mbeidh paisinéirí ag iarraidh taisteal ar an mbus dá bharr seo agus méadaíonn sé na costais oibriúcháin; agus
- Easpa spáis ar an gcuid is mó de na príomhbhóithre, rud a laghdaíonn na deiseanna le haghaidh rothaíocht shábháilte chompordach.

1.3 Fís agus Prionsabail

Chun dul i ngleic le riachtanais iompair reatha agus todhchaí na cathrach, tá gá le hathrú i dtreo taisteal inbhuanaithe, an méid a bhíonn daoine ag brath ar an gcarr príobháideach a laghdú agus beart a dhéanamh le go mbeidh teacht ar Ghaillimh go héasca agus go mbeidh sí níos ceangailte, rud a fheabhsóidh an fearann poiblí agus a chuirfidh le caighdeán na beatha do chách.



Chun an fhís sin a bhaint amach, is iad na treoirphrionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag forbairt na dréacht-Straitéise Iompair ná:

Prionsabal 1

Iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus daoine a spreagadh lena úsáid agus, go sonrach, é a bheith áisiúil agus mealltach siúl, dul ar an rothar nó úsáid a bhaint as iompar poiblí.

Prionsabal 2

Inrochtaine agus tréscaoilteacht go dtí lár na cathrach agus taobh istigh de a fheabhsú do choisithe, do rothaithe agus dóibh siúd atá ag úsáid iompar poiblí agus, ag an am céanna, rochtain chuí a choinneáil d'fheithiclí chun críocha tráchtála agus miondíola.

Prionsabal 3

Sábháilteacht agus slándáil coisithe, rothaithe agus úsáideoirí iompair eile a uasmhéadú, go háirithe i gcroílár na cathrach.



1.4 Creat Pleanála

Tá sé i gceist go mbeidh Straitéis Iompair na Gaillimhe, nuair a thabharfar chun críche í, ag teacht agus ag tacú le Plean Forbartha nua Chathair na Gaillimhe (2017-2023), agus le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe (2015-2021).

Mar a leagadh amach níos luaithe, mairfidh an straitéis seo níos faide ná na Pleananna Forbartha Cathrach reatha agus nua agus an Plean Forbartha Contae agus tá sí leagtha amach i dtéarmaí a bhfuil le seachadadh thar thréimhse 20 bliain.

Prionsabal 4

Acmhainn iompair a bhainistiú agus a mhéadú (nuair is gá) ar mhaithe le gluaiseacht éifeachtúil daoine agus earraí isteach sa chathair agus taobh istigh di.

Prionsabal 5

Deiseanna a chur ar fáil chun an fearann poiblí i lár na cathrach a fheabhsú trí bhainistíocht tráchta agus trí idirghabhálacha iompair.

Prionsabal 6

Bonneagar agus seirbhísí iompair a chothabháil agus a fhorbairt sa chaoi is go mbeidh siad ar ardchaighdeán agus an-athléimneach.

Prionsabal 7

Cur chuige 'teicneolaíocht níos cliste' a ghlacadh i leith gach idirghabhála iompair, sa chaoi is go mbeidh bonneagar agus seirbhísí iompair ann a sheasfaidh an aimsir.

Is é fís Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh iompar do Ghaillimh ná cruthú

"réigiún cathrach ceangailte arna thiomáint ag soghluaisteacht níos cliste".

1.5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach ar Bhaol Tuilte

De réir Threoir AE maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/EC) — maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an timpeallacht a mheasúnú – agus de réir reachtaíocht náisiúnta, tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) déanta mar chuid d'ullmhú dréacht-Straitéis Iompair na Gaillimhe.

Is measúnacht fhoirmiúil chórasach ar an dréachtstraitéis í seo a ullmhaítear de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe), 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004), arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 200 de 2011).

Is é is cuspóir don Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) ná 'soláthar a dhéanamh d'ardleibhéal cosanta ar an timpeallacht agus cur le comhtháthú cúinsí timpeallachta agus pleananna agus cláir á n-ullmhú agus á nglacadh le go gcuirfear forbairt inbhuanaithe chun cinn...' (Airteagal 1, Treoir MST).

Déanfar measúnú ar fhorálacha na dréachtstraitéise ó thaobh éifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus déanfar aon bheart a thagann as an MST a chomhtháthú sa straitéis deiridh agus a chur san áireamh i bPlean Forbartha nua Chathair na Gaillimhe (2017-2023) d'fhonn a chinntiú go maolófar aon éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tugadh faoi Mheasúnacht Chuí (MC) ar an dréachtstraitéis freisin de réir Threoir AE maidir le Gnáthóga (92/43/EEC) – maidir le gnáthóga nádúrtha agus flora agus fauna fiáin a chaomhnú – arna aistriú isteach i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, a chomhdhlúthaíonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 go 2005 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Gníomhaíochtaí Áineasa a Rialú), 2010.

Tá fionnachtana an Scagtha MC tar éis bonn eolais a chur faoin MST agus tá aon bhearta maolaithe riachtanacha a tháinig as moltaí an MC tugtha san áireamh sa dréachtstraitéis lena chinntiú go maolófar éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh bheith ann.

Ar deireadh, bhí dréacht-Straitéis Iompair na Gaillimhe faoi réir Measúnacht Straitéiseach ar Bhaol Tuilte (MSBT) lena dtéitear i ngleic le baol tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú i bpleananna agus i bpleananna úsáide talún. Tá fionnachtana an MSBT tar éis bonn eolais a chur faoin MST freisin agus tá aon bhearta riachtanacha a tháinig as moltaí an MSBT tugtha san áireamh sa dréachtstraitéis lena chinntiú go maolófar éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh bheith ann.

Nuair a bheidh SIG críochnaithe agus tugtha chun críche, críochnófar an MST, MC agus MSBT freisin.

Tá sé tábhachtach go léireoidh Straitéis Iompair na Gaillimhe riachtanais agus mianta an phobail agus príomhpháirtithe leasmhara iompair ar fud na cathrach agus an chontae.

1.6 Comhairliúchán

Tá sé tábhachtach go léireoidh Straitéis Iompair na Gaillimhe riachtanais agus mianta an phobail agus príomhpháirtithe leasmhara iompair ar fud na cathrach agus an chontae. Tugadh eolas don phobal ag imeacht tosaigh a reáchtáladh i mí na Bealtaine 2015 agus fuarthas aiseolas ón bpobal ar na príomhcheisteanna a bhaineann le cúrsaí iompair. Ina theannta sin, cuireadh an t-ábhar comhairliúcháin ar fáil ar líne agus ag Halla na Cathrach, agus fuarthas tuilleadh freagraí ón bpobal i gcaitheamh na tréimhse comhairliúcháin oscailte a lean sin. Cuireadh isteach 45 aighneacht ar fad. Ba iad na príomhthéamaí agus na príomh-shaincheisteanna a tháinig as na haighneachtaí:

- Tá feabhas ginearálta ar an iompar poiblí sa chathair ag teastáil;
- Ba chóir feabhas mór a chur ar lánaí rothar;
- Ba chóir smaoineamh ar chóras iarnróid éadroim;
- Ba chóir an gréasán lánaí bus a leathnú;
- Níl gá le seachbhóthar timpeall ar Chathair na Gaillimhe;
- Ba chóir go gcuimseodh iompar poiblí iompar scoile; agus
- Ba chóir suíomhanna páirceála agus taistil a thabhairt isteach.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis smaoineamh ar an aiseolas seo agus tá sé tar éis bonn eolais a chur faoi fhorbairt dhréacht-Straitéis Iompair seo na Gaillimhe.

Nuair a bheidh an staidéar seo críochnaithe, foilseofar tuarascáil Straitéise Iompair deiridh níos déanaí in 2016 agus aguisíní teicniúla agus ábhar tacaíochta ag gabháil léi.

Fíor 2.1 An Limistéar Staidéir





2.1 Limistéar Staidéir agus Comhthéacs Reatha Úsáide Talún

Cuimsíonn an limistéar staidéir do Straitéis Iompair na Gaillimhe limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus an chúlchríoch máguaird taobh istigh de limistéar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe, anuas go dtí lonnaíochtaí Bhearna, Órán Mór, Mhaigh Cuilinn agus Bhaile Chláir agus iad sin san áireamh. Léirítear limistéar bardasach na cathrach i bhFíor 2.1.

Taobh istigh den limistéar staidéir, tá lár na cathrach sainmhínithe chun críocha na straitéise seo. Is éard atá ann ná an limistéar arb iad a chuid teorainneacha ná gréasán canálacha na cathrach ar an taobh thiar agus tródam bóithre Fhaiche an Aonaigh/Bhóthar Bhreandáin Uí Eithir/Bhóthar na mBan ar an taobh thoir. Léirítear an limistéar sin i bhFíor 2.1.

2.2 Comhthéacs Úsáide Talún

Is é is sainghné do phróifíl reatha úsáide talún an limistéir staidéir a ndéantar cur síos air thuas ná forbairt cónaithe shuntasach in iarthar agus in oirthear na cathrach, agus in áiteanna eile atá gar do mhórionaid fostaíochta agus mhiondíola taobh istigh de cheantar lár na cathrach agus in oirthear na cathrach. Ó thuaidh den chathair tá roinnt mhaith bailte agus sráidbhailte beaga ar an dá thaobh de Loch Coirib, le forbairt cónaithe scaipthe ar fud na gceantar tuaithe. Ina theannta sin, tá forbairtí móra cónaithe an-ghar do mhóráiseanna fostaíochta agus oideachais ach nach féidir teacht orthu go réidh de shiúl na gcos, ar an rothar ná le hiompar poiblí. De bharr na bpatrún lonnaíochta seo tá níos mó gá le taisteal, go dtí lár na cathrach agus trasna lár na cathrach araon, ó na bruachbhailte agus ón réigiún níos leithne.

Meastar gur beag athrú a thiocfaidh ar an úsáid reatha talún i gcaitheamh thréimhse na straitéise seo. Ní mór, áfach, smaoineamh ar shuíomh agus ar thionchar na forbartha nua taobh istigh de lár na cathrach agus taobh istigh de na bruachbhailte mar a leagtar amach i bPlean Forbartha na Cathrach, i bPlean Forbartha an Chontae agus i bPleananna Ceantair Áitiúil, lena chinntiú go smaoineofar ar na ceantair seo agus na moltaí iompair á bhforbairt.

Sainaithnítear roinnt ceantar athfhorbraíochta mar phríomhdheiseanna forbartha taobh istigh de lár na cathrach, Stáisiún Cheannt agus Calafort na Gaillimhe ina measc. Táthar ag súil freisin go ndéanfar forbairt agus leathnú ar Chaladh na Gaillimhe sna blianta atá amach romhainn. Is dócha go ndéanfar athfhorbairt ar cheantar Bhóthar Áth Cinn ó thuaidh freisin, áit a bhfuil forbairt mhiondíola cheana féin, le meascán níos leithne úsáide.

Taobh thoir den chathair, meastar go mbeidh forbairt cónaithe shuntasach ag na hArdáin, chomh maith le fostaíocht áitiúil agus seirbhísí áitiúla le gabháil léi. Tá sé tábhachtach freisin a thabhairt faoi deara go mbeidh deiseanna fós ann le haghaidh athfhorbairt ar Aerfort na Gaillimhe le linn shaolré na straitéise seo.

Cheannaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe Aerfort na Gaillimhe in 2014.

Meastar go dtiocfaidh fás ar bhruachbhailte eile, Cnoc na Cathrach, an Caisleán Gearr agus Dabhach Uisce ina measc, cé go mbeidh an fás sin ar ráta níos srianta. Sainaithnítear lárionaid cheantair agus lárionaid chomharsanachta ísealoird i ndréacht-Phlean Forbartha na Cathrach 2017-2023 do na bruachbhailte seo, agus in áiteanna eile mar an Taobh Thiar, Bóthar na Trá, Baile an Phoill, an Rinn Mhór agus Baile na mBúrcach. Beidh níos mó fostaíochta sna ceantair seo dá bharr seo.

Sa chontae níos leithne, bíonn líon mór daoine ag taisteal gach lá ó na lonnaíochtaí ag Baile Chláir, Maigh Cuilinn, Bearna agus Órán Mór go dtí Cathair na Gaillimhe agus ar ais arís. Taistealaíonn thar ar 50% de lucht oibre lae Chathair na Gaillimhe ón taobh amuigh de theorainn na cathrach.

Agus an dréachtstraitéis seo á hullmhú, tugadh faoi bhreithmheas ar úsáid talún reatha, ar cheantair fáis atá beartaithe sna Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae agus sna Pleananna Ceantair Áitiúil, agus ar fheidhm lár na cathrach, chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus faoi dhearadh na moltaí iompair.

2.3 Soláthar Iompair Reatha

Gréasáin Bhus Áitiúla agus Réigiúnacha
Déanann an tseirbhís bhus atá sa chathair cheana féin freastal ar chodanna den limistéar staidéir. Tá réimse teoranta de ghnéithe bonneagair a bhaineann go sonrach le busanna ann a éascaíonn an tseirbhís seo. Ní hionann an méid ná an caighdeán sna gnéithe éagsúla seo agus níl siad leanúnach in aon chuid shuntasach den ghréasán. Níl gréasán bus na cathrach leanúnach beag ná mór, agus ní chuirtear bearta tosaíochta ar fáil ach amháin feadh codanna de phríomhchonairí. Dá bhrí sin bíonn moill ar ghréasán bus na cathrach, rud a laghdaíonn tarraingt an bhus mar rogha. Go deimhin, taifeadadh sciar 8% de réir modh iompair i nDaonáireamh 2011 le haghaidh taisteal taobh istigh de cheantar na cathrach go dtí an obair nó oideachas, sciar cuibheasach beag don bhus i gceantar uirbeach. As na seirbhísí bus cathrach reatha, níl spriocmhinicíocht de bhus amháin sa dá threo gach 12 nóiméad ag buaicuaireanta ach ag aon cheann amháin (seirbhís 409 na Páirce Móire, mar atá i mí Aibreáin 2016).

Ar na feabhsuithe a rinneadh ar sheirbhís bhus na cathrach le blianta beaga anuas tá atheagrú bealaí agus sceideal, flít níos nuaí agus feidhmiú céimneach an chárta Leap, mar aon le roinnt scéimeanna bonneagair bus agus uasghráduithe acomhail suntasacha ar fud na cathrach. Tá na bearta seo tar éis cur le méadú pátrúnachta de níos mó ná 30% ó 2012-2015, cé go raibh an bonn roimhe sin íseal.

Bíonn roinnt soláthraithe seirbhíse bus réigiúnaí ag oibriú go dtí an chathair agus ón gcathair. Is minic a chuirtear moill ar chóistí réigiúnacha agus idirchathrach de bharr easnaimh bhonneagair ag druidim le lár na cathrach agus taobh istigh di, áit a bhfuil na príomhchinn scríbe suite ag Stáisiún Cheannt, Stáisiún Cóistí Fhaiche an Aonaigh, an Fhaiche Mhór/Bóthar na gCeannaithe agus Ardeaglais na Gaillimhe. Cuireann an mhoill seo, mar aon le cinn scríbe láraithe i lár na cathrach agus easpa comhtháthaithe leis na bealaí bus cathrach agus leis na córais ticéadaithe, in aghaidh úsáid seirbhísí bus réigiúnacha ag comaitéirí ó na bailte agus sráidbhailte máguaird a ndéanann busanna réigiúnacha freastal díreach orthu.

Baineann seirbhísí cóistí náisiúnta tairbhe as nascacht ar ardchaighdeán idir bóithre anoir agus aneas, ar chaighdeán mótarbhealaigh níos minice agus níos minice ó tharla gur tógadh an M6 le déanaí agus go bhfuiltear ag forbairt an M17/M18 faoi láthair, rud a fheabhsóidh an nascacht leis an oirthuaisceart freisin. Mar atá i gcás seirbhísí réigiúnacha, tá a lán oibritheoirí éagsúla ag cur seirbhísí idirchathrach ar fáil go dtí an chathair agus ón gcathair. Bíonn a lán busanna ag teacht isteach agus ag imeacht gach lá dá bharr sin. Is minic a chuirtear moill ar na seirbhísí sin freisin de bharr easnaimh bhonneagair ag druidim leis an gcathair agus taobh istigh di.

An Gréasán Iarnróid
Déanann an líne iarnróid throim aon ráille anoir freastal ar an limistéar staidéir, ag críochnú i lár na cathrach ag Stáisiún Cheannt. Síneann an líne iarnróid soir chomh fada le Baile Átha an Rí, le stad ag Órán Mór/an Garrán. Ó Bhaile Átha an Rí, leanann línte iarnróid ar aghaidh i dtreo Bhaile Átha Cliath agus go Luimneach.

2.3 Soláthar Iompair Reatha

An Gréasán Rothaíochta
Cé go dtacaíonn topagrafaíocht chothrom na cathrach leis an rothaíocht, tá an sciar de réir modh iompair atá ann faoi láthair, 5%, cuibheasach íseal. Cosúil leis an ngréasán bus, tá an gréasán bonneagair rothaíochta atá ann faoi láthair teoranta agus neamhleanúnach. Chomh maith leis sin, cuireann an méid feithiclí ar na sráideanna cúnga i lár na cathrach le timpeallacht nach bhfuil tarraingteach ná sábháilte don rothaíocht.

Cé go ndearnadh a lán feabhsuithe éagsúla le blianta beaga anuas ar an ngréasán rothaíochta, go háirithe an Scéim Roinnte Rothar, tá an timpeallacht rothaíochta fós teoranta. Tá sé seo amhlaidh go háirithe i gceantair taobh amuigh den chathair, in ainneoin go bhfuil a lán bailte agus sráidbhailte taobh istigh d'fhad rothaíochta ón gcathair agus óna chéile, amhail Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Baile Chláir.

An Gréasán Siúil
Tá sráideanna do choisithe amháin i lár na cathrach. Is príomhshócmhainn don gheilleagar áitiúil iad seo, go mór mór cosbhealach turasóireachta/siopadóireachta Shráid na Siopaí/Shráid na Céibhe. I measc na saoráidí tábhachtacha eile do choisithe tá gréasán canálacha na cathrach agus an phromanáid i mBóthar na Trá. Bhí mórscéimeanna feabhsúcháin acomhail ann le blianta beaga anuas freisin a chuir feabhas mór ar shaoráidí do choisithe ar fud na cathrach.

Tá caighdeán na saoráidí do choisithe go dona, áfach, ina lán áiteanna taobh istigh den limistéar staidéir. Tá áiteanna taobh istigh de lár na cathrach ina gcuireann an meascán de thrácht feithiclí isteach ar shábháilteacht agus ar chompord coisithe. Tá sráideanna ar fud na cathrach ina bhfuil cosáin ar dhroch-chaighdeán nó nach bhfuil siad ann ar chor ar bith, ina bhfuil saoráidí trasnaithe teoranta nó nach bhfuil siad ann ar chor ar bith, agus ina bhfuil fadhbanna tréscaoilteachta a thagann ón gcaoi inar forbraíodh ceantair chónaithe. De bharr easpa tréscaoilteachta taobh istigh de cheantair thithíochta, is minic a bhíonn ar choisithe dul i bhfad rófhada chun fad slí cuibheasach gearr a shiúl.

An Gréasán Bóithre
Tá tíreolaíocht Chathair na Gaillimhe srianta go fisiciúil; roinneann Abhainn na Gaillimhe agus Loch an tSáile í, cuireann Cuan na Gaillimhe teorainn léi ó dheas agus cuireann Loch Coirib teorainn léi ó thuaidh, bacainní nádúrtha le saorghluaiseacht agus le forbairt agus srianta leis an ngréasán bóithre. Tá ceithre dhroichead ag trasnú na habhann faoi láthair, a bhfuil trí cinn acu an-ghar do lár na cathrach, rud a tharraingíonn trácht isteach sa chathair gan aon chúis a bheith leis ach an abhainn a thrasnú. I bhfianaise saintréithe úsáide talún na cathrach, áfach, tá éileamh suntasach ar thaisteal trasna na cathrach agus go dtí an chathair, go háirithe i gcaitheamh buaicuaireanta.

Cuireann an líon teoranta bóithre trasna Abhainn na Gaillimhe srian mór, áfach, ar fheithiclí atá ag trasnú na cathrach. Faoi láthair, is é Droichead na gCúig Chéad an t-aon rogha amháin do thrácht atá ag iarraidh ceantar lár na cathrach a sheachaint. De bharr brú mór tráchta agus moill mhór ar na bealaí go dtí Droichead na gCúig Chéad, is minic a théann trácht ar mhalairt slí i dtreo Dhroichead na mBradán, Dhroichead Wolfe Tone agus Dhroichead Uí Bhriain, rud a chruthaíonn brú tráchta ar fud na cathrach ansin.

Tá Contae na Gaillimhe agus réigiún Chonamara, chomh fada siar leis an gClochán agus ar aghaidh go dtí Leitir Fraic, ag brath chomh mór céanna ar an mbealach cúng seo le haghaidh rochtana ó tharla go bhfuil an ceantar seo srianta ag Loch Coirib ag dul ó thuaidh, ag Beanna Beola, ag Sléibhte Mhám Toirc agus ag a lán lochanna níos lú. Is trí na droichid trasna Abhainn na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe a théitear go dtí an ceantar seo de bharr na srianta nádúrtha fisiciúla. Dá bhrí sin, cuirtear trácht traschontae, agus trácht níos straitéisí go dtí cósta thiar na tíre agus uaidh, i dtreo Chathair na Gaillimhe d'fhonn Abhainn na Gaillimhe a thrasnú, rud a chuireann a thuilleadh le plódú tráchta agus le moill.

Is bóthar náisiúnta mórthábhachtach é an M/N6 agus sainaithnítear é mar chuid den Ghréasán Cuimsitheach TEN-T. Chomh maith leis sin, sainaithnítear an M/N6 mar Chonair Ghathach Straitéiseach sa Straitéis Spáis Náisiúnta agus is conair iompair idiruirbeach thábhachtach é a nascann Geata na Gaillimhe le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath tríd an nGeata Nasctha Lár-Tíre agus tugann sé rochtain ar mhargaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí shuíomhanna straitéiseacha aerfoirt agus calaidh chomh maith le nasc a dhéanamh le bóithre náisiúnta straitéiseacha eile. Ar an gcaoi chéanna, is naisc thábhachtacha réigiúnacha go dtí an chathair agus ón gcathair iad an N17, Conair Nasctha Straitéiseach de chuid na Straitéise Spáis Náisiúnta, agus an N59 agus N84, bóithre náisiúnta.

Cé gur príomhdhúshlán de chuid na dréachtstraitéise seo é roghanna inbhuanaithe iontaofa a chur ar fáil le nach mbeidh ar dhaoine taisteal sa charr príobháideach, beidh bainistiú an ghréasáin bóithre ríthábhachtach fós.



Fíor 2.2 Éileamh ar Thaisteal ag Buaic na Maidine i nGaillimh

Anailís ar an Éileamh ar Thaisteal i nGaillimh

Tugtar achoimre i bhFíor 2.2 ar na gnáthghluaiseachtaí reatha idir codanna de Ghaillimh sa tréimhse AM (7am – 10am) ag mótariompar (carr, veain nó bus). Is éard atá sna 'mianlínte gluaiseachta' ná líon mór gluaiseachtaí, atá grúpáilte le chéile chun críocha léirithe.

Turais ag Feithiclí – Buaic AM (7:00 -10:00)

- 0 - 500
- 501 - 1,000
- 1,001 - 1,500
- 1,501 - 2,000
- > 2,000

23%
Taistealaíonn 23% de dhaonra na Cathrach de shiúl na gcos

5%
Taistealaíonn 5% de dhaonra na Cathrach ar an rothar

8%
Taistealaíonn 8% de dhaonra na Cathrach ar an mbus/ar chóiste

<1%
Taistealaíonn < 1% de dhaonra na Cathrach ar an traein

60%
Bíonn 60% de dhaonra na Cathrach ag tiomáint i gcarr/veain

Foinse:

Tógadh na sonraí seo ó Dhaonáireamh 2011

2.4 Comhthéacs Gluaiseachta

Is idir 8am agus 9am a dhéantar an sciar is mó de thurais i nGaillimh. Is turais ón mbaile go dtí an obair atá sa sciar is mó de thurais i gcaitheamh na buaicuaire seo, 40% den iomlán. Tá 'baile go dtí ionad oideachais' ard freisin ag 35%. Turais ar chúiseanna eile atá sa 25% eile.

Tagann laghdú suntasach ar mhéideanna tráchta i lár na maidine. Is ionann líon na dturas in aghaidh na huaire idir 11am agus 2pm agus thart ar leath líon na dturas sa bhuaicuair. Is ionann líon na dturas idir 2pm agus 3pm agus 69% den bhuaicuair; deireadh an lae scoile is cúis leis an gcéatadán ard sin. Cé go gceaptar go bhfuil plódú tráchta i nGaillimh sa bhuaic PM inchomparáide leis an mbuaic AM, is ionann líon iomlán na dturas idir 5pm agus 6pm agus 75% den líon sa bhuaicuair AM.

Sciar de réir Modh Iompair
Is é an carr an modh iompair is mó agus is sa charr a dhéantar thart ar 60% de na turais go léir sa chathair. Déantar cuid mhór de na turais de shiúl na gcos, beagnach 23% den sciar iomlán de réir modh iompair. Déantar 8% de thurais i gCathair na Gaillimhe ar an mbus. Tá an sciar de réir modh iompair do shiúl agus do rothaíocht i gCathair na Gaillimhe níos airde ná an meán náisiúnta. Tá sé sin amhlaidh toisc go bhfuil croílár na cathrach cuibheasach beag agus toisc go bhfuil cuid mhór den líon mór mac léinn ina gcónaí gar d'institiúidí tríú leibhéal.

Túsphointí agus Cinn Scríbe na dTuras
Mar chuid de Dhaonáireamh 2011, próiseáladh faisnéis taistil do thurais Oibre, Scoile nó Choláiste (POWSCAR) chun túsphointí agus cinn scríbe is coitianta na dturas i gCathair na Gaillimhe a shainaithint.

Tá beagán os cionn 45,000 turas iomlán taifeadta taobh istigh de POWSCAR do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. Léirítear na túsphointí agus na cinn scríbe ba choitianta le haghaidh turas (obair agus oideachas, inmheánach san áireamh) thíos i bhFíor 2.3.

Fíor 2.3 Na túsphointí agus na cinn scríbe ba choitianta le haghaidh turas

2.5 Pleanáil agus Beartas

Ní ina haonar a forbraíodh dréacht-Straitéis Iompair na Gaillimhe; tógann sé ar obair leanúnach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá sé nasctha d'aon turas leis na prionsabail, coincheapa agus cuspóirí atá leagtha amach sna Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae. Ina theannta sin, tá pleananna agus beartais náisiúnta agus réigiúnacha tugtha san áireamh sa phlean. Léirítear i bhFíor 2.4 cá seasann dréacht-Straitéis Iompair na Gaillimhe ó thaobh beartas agus pleanáil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil de. Cuireann an straitéis le tionscnaimh áitiúla eile freisin ar nós Cathracha Sláinte agus Aoisbhá.

Fíor 2.4 Comhthéacs Pleanála



Agus an geilleagar fós ag fás, agus ról Chathair na Gaillimhe mar thairseach réigiúnach ag forbairt, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an gréasán iompair in ann forbairt chun an t-éileamh ar thaisteal a bheidh ann amach anseo a shásamh.

2.6 Príomhdhúshláin a gcaithfear dul i ngleic leo sa Straitéis Iompair seo

Is léir go bhfuil sé ag dul dian ar an ngréasán iompair atá ann cheana féin agus a chomhpháirteanna, mar atá leagtha amach thuas, an t-éileamh tráchta reatha a shásamh, agus go bhfuil moill agus brú tráchta, go háirithe d'fheithiclí agus d'iompar poiblí, ag éirí níos coitianta an t-am ar fad. Agus an geilleagar fós ag fás, agus ról Chathair na Gaillimhe mar thairseach réigiúnach ag forbairt, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an gréasán iompair in ann forbairt chun an t-éileamh ar thaisteal a bheidh ann amach anseo a shásamh. Ina thaobh seo, ní mór do Phlean Iompair na Gaillimhe dul i ngleic le roinnt príomhdhúshlán. Áirítear orthu sin:

- An gá le Lár Chathair na Gaillimhe a athrú ó bhonn. Faoi láthair bíonn bíonn brú mór tráchta ann ach is é an aidhm ná go mbeadh cónaitheoirí, oibrithe agus cuairteoirí á roghnú mar cheann scríbe;
- An gá le roghanna a chur ar fáil do dhaoine le nach mbeidh siad ag brath ar an gcarr príobháideach;
- An gá le gréasán iompair phoiblí a chur ar fáil a mbeidh daoine in ann brath air ó thaobh an mhéid ama a thógann aistir agus a chuirfidh seirbhísí ar fáil minic go leor chun tarraingt na seirbhíse a uasmhéadú agus chun éileamh a shásamh;
- An gá le cur leis an ngréasán iompair phoiblí le saoráidí breise ar nós páirceála agus taistil ar mhaithe le daoine a thagann chun na cathrach ó na ceantair thuaithe mórthimpeall;
- An gá le taisteal chun na cathrach, taisteal traschathrach, taisteal traschontae agus taisteal straitéiseach soir-siar a éascú ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus réigiúnacha gan cur isteach ar fheidhmiúlacht na cathrach;
- An gá le rochtain ar cheantair chónaithe, agus inrochtaine tríothu, a fheabhsú do mhodhanna taistil inbhuanaithe d'fhonn tarraingt roghanna eile seachas an carr príobháideach a fheabhsú;
- An gá le nascacht le mórshaoráidí fostaíochta agus oideachais de shiúl na gcos, ar an rothar agus le hiompar poiblí a uasmhéadú;
- An gá le trácht neamhriachtanach trí lár na cathrach a íoslaghdú;
- An gá le tionchar an phlódaithe tráchta ar Lár Chathair na Gaillimhe a íoslaghdú, le go mbeidh an chathair in ann fás ar bhealach inbhuanaithe; agus
- An gá le héifeachtúlacht agus athléimneacht ar ghréasán iompair na Gaillimhe a bhaint amach, i ngach modh.

3.1 Cur Chuige agus Modheolaíocht

Ba é an cur chuige a glacadh chun an dréacht-Straitéis Iompair seo agus na bearta atá inti a chur le chéile agus a thástáil ná:

- cuspóirí straitéiseacha a leagan síos i dtosach;
- roghanna straitéise a fhorbairt agus a thástáil; agus
- moltaí sonracha a fhorbairt, moltaí a thugtar le chéile faoin dréachtstraitéis fhoriomlán.

Léirítear próiseas forbartha na dréachtstraitéise i bhFíor 3.1. Cuireann na prionsabail a leagtar amach i Roinn 1.3 bonn faoi fhorbairt aidhmeanna agus moltaí le haghaidh réitigh a bhaineann go sonrach le modhanna ar leith (déantar cur síos orthu níos déanaí i Roinn 4-8) – d'fhonn cuspóirí straitéiseacha na straitéise a bhaint amach.

Cuspóirí Straitéiseacha: Caithfidh forbairt dhréacht-Straitéis Iompair na Gaillimhe bheith de réir na gcuspóirí náisiúnta eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil níos leithne (mar a leagtar amach i dTreoirlínte na Roinne Iompair um Chomhchreat Breithmheasa do Thionscadail agus Cláir Iompair). Tá cuspóirí straitéiseacha curtha le chéile bunaithe ar anailís ar na príomhchuspóirí ó na Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae, agus ó staidéir iompair a rinneadh roimhe seo.

Fíor3.1 Próiseas Forbartha na dréacht-Straitéise Iompair



Is iad seo a leanas catagóirí breithmheasa an Chomhchreata Breithmheasa agus na cuspóirí straitéiseacha gaolmhara:

- Eacnamaíochta – luach ar airgead a thabhairt, agus tacú le feidhm na Gaillimhe mar lárionad réigiúnach;
- Sábháilteacht — timpeallacht níos sábháilte a bhaint amach do gach mód iompair, agus stíl mhaireachtála níos sláintiúla a éascú;
- Comhshaol – comhtháthú níos fearr idir iompar agus foirm uirbeach a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, astuithe iompair díobhálacha a íoslaghdú;
- Comhtháthú – soláthar do chomhtháthú idir modhanna iompair agus pleanáil agus beartais úsáide talún; agus
- Inrochtaine agus Cuimsiú Sóisialta – inrochtaine ilmhodhanna a fheabhsú agus soláthar do ghréasán iompair atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta.

Rinneadh measúnú ar na roghanna don ghréasán iompair ar aon dul leo sin, agus sainaithníodh straitéis atá ag teacht chun cinn do gach modh iompair – rud a threoraigh forbairt moltaí sonracha do gach comhpháirt den dréacht-Straitéis Iompair iomlán (iompar poiblí, siúl, rothaíocht agus bearta comhlántacha, agus bóithre).

3.2 Cineálacha Aistir á Scrúdú

D'fhonn cathair agus ceantar máguaird atá ceangailte a bhaint amach, féachtar sa dréacht-Straitéis Iompair le gréasán comhtháite de 'naisc' (bealaí) agus 'nóid' (stadanna agus áiteanna cómhalartaithe) a chur ar fáil sa chaoi is go mbeidh daoine in ann taisteal gan stró feadh an ghréasáin seo, ag athrú ó chonair go conair agus ó mhodh go modh de réir mar is gá chun an t-aistear a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo, scrúdaíodh dá bhrí sin na modhanna iompair is oiriúnaí chun dul i ngleic leis an éileamh ar thaisteal do gach cineál aistir. Cuirtear i láthair i bhFíor 3.2 an réimse aistear a dtugtar fúthu i nGaillimh mar aon leis na modhanna cuí taistil do gach cineál aistir. Mar shampla, taisteal ar an mbus an modh is oiriúnaí d'aistir ghathacha isteach sa lár, ach is minic gur taisteal sa charr, nó carr agus Páirceáil agus Taisteal le chéile, an modh is oiriúnaí d'aistir ó cheantair thuaithe go dtí ceantair neamhlárnacha i nGaillimh.

Is fiú a lua freisin go mbeidh gluaiseacht straitéiseach earraí (go dtí Caladh na Gaillimhe, mar shampla) bunaithe ar na bóithre fós, agus nach féidir í a éascú le siúl, le rothaíocht ná le hiompar poiblí. Ina theannta sin, ní bhíonn an dara rogha de ghnáth ag ciantrácht a bhfuil a thúsphointe nó a cheann scríbe taobh amuigh den chathair (ó Bhaile Átha Cliath go Conamara, mar shampla) ach taisteal tríd an gcathair. Cuirtear an trácht seo a bhíonn ag gabháil thar an gcathair leis an trácht áitiúil faoi láthair, rud a chuireann le brú tráchta agus a laghdaíonn inrochtaine réigiún an iarthair.

Fíor 3.2 Turais chun na Gaillimhe, taobh istigh de Ghaillimh agus trasna na Gaillimhe



A. Taobh istigh den Chathair – Sampla – An Fhaiche Mhór go dtí Sráid Dhoiminic
Ba cheart aistir den sórt seo a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar an rothar de ghnáth. Ba cheart cur in aghaidh aistir trasna an láir sa charr agus ba cheart tiománaithe a spreagadh chun iompar poiblí a úsáid nó an carr a pháirceáil sula dtéann siad trasna an cheantair lárnaigh.

B. An Chathair Amuigh <<>> Lár na Cathrach – Sampla – Cnoc na Cathrach go dtí an Fhaiche Mhór
Ba cheart go mbeifí in ann aistir ar chonairí gathacha a dhéanamh ar an mbus (nó cineál eile iompair phoiblí), ar an gcoinníoll go gcuirtear an tseirbhís ar fáil go minic. Tá lánaí rothar sábháilte bunriachtanach freisin chun rothaithe a spreagadh.

C. An Chathair Amuigh <<>> Ceantair Sheachtracha (gan Abhainn na Gaillimhe a thrasnú) – Sampla – Baile an Bhriotaigh go dtí Tuaim
Is deacair freastal ar na haistir seo le hiompar poiblí, agus is minic nach féidir iad a dhéanamh de shiúl na gcos ná ar an rothar. D'fhéadfadh seirbhísí páirceála agus taistil bheith tarraingteach, áfach, ach an tseirbhís a bheith ar ardchaighdeán agus ar fáil go minic.

D. Lár na Cathrach <<>> Ceantair Sheachtracha – Sampla – An Fhaiche Mhór go dtí Baile Locha Riach
Bíonn sé deacair a lán daoine a mhealladh chun na haistir seo a dhéanamh le hiompar poiblí ó tharla go mbíonn a lán túsphointí éagsúla taobh amuigh den chathair ag taistealaithe, túsphointí nach féidir freastal orthu ar fad le hiompar poiblí a bhíonn ar fáil go minic. D'fhéadfadh seirbhísí páirceála agus taistil bheith tarraingteach, áfach, ach an tseirbhís a bheith ar ardchaighdeán agus ar fáil go minic.

E. An Chathair Amuigh <<>> An Chathair Amuigh (ag trasnú Abhainn na Gaillimhe agus trí Lár na Cathrach) – Sampla – Bóthar na Trá go dtí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
Faoi láthair, déantar na haistir seo sa charr de ghnáth. Ach dá mbeadh rotharbhealaí tiomnaithe sábháilte díreacha ann, spreagfadh sé sin daoine chun an cineál agus fad aistir seo a dhéanamh ar an rothar, agus dá mbeadh seirbhís iompair phoiblí iontaofa ar fáil a bheadh ag oibriú trí lár na cathrach, mheasfadh roinnt tiománaithe na roghanna eile seo a bheith réasúnta. Ach seirbhísí bus coitianta iontaofa a bheith ar fáil ar chúpla conair ghathach, bheadh paisinéirí in ann aistriú idir seirbhísí gan ach fanacht beag a bheith orthu.

F. Seachtrach <<>> An Chathair Amuigh (ag trasnú Abhainn na Gaillimhe, ach gan a bheith ag dul trí Lár na Cathrach) – Sampla – Maigh Cuilinn go dtí an Pháirc Mhór
Bíonn sé deacair daoine a mhealladh chun na haistir seo a dhéanamh le hiompar poiblí ó tharla go mbíonn a lán túsphointí éagsúla taobh amuigh den chathair ag taistealaithe, túsphointí nach féidir freastal orthu ar fad le hiompar poiblí a bhíonn ar fáil go minic. D'fhéadfaí seirbhísí bus páirceála agus taistil a úsáid de rogha ar thaisteal sa charr ach an tseirbhís a bheith ar ardchaighdeán agus ar fáil go minic.

G. An Chathair Amuigh <<>> An Chathair Amuigh (ag trasnú Abhainn na Gaillimhe ach gan a bheith ag dul trí Lár na Cathrach) – Sampla – An Taobh Thiar go dtí Muirbheach
Is féidir leis bheith deacair freastal ar aistir idir ceantair imeallacha le hiompar poiblí ó tharla nach iondúil go mbíonn cuariompar poiblí inmharthana ó thaobh airgid de, agus is minic a bhíonn iompar poiblí tríd an lár i bhfad níos moille ná taisteal sa charr mura mbíonn sé ar bhealaí iompair phoiblí a cheanglaíonn lena chéile. Bainfidh roinnt taistealaithe úsáid as iompar poiblí tríd an lár, áfach, má bhíonn sé ar fáil minic go leor agus más féidir brath air. Ina theannta sin, d'fhéadfaí rothaíocht a éascú don chineál seo aistir ach rotharbhealaí sábháilte tiomnaithe a chur ar fáil.

H. Ceantar Seachtrach <<>> Ceantar Seachtrach (ag trasnú Abhainn na Gaillimhe, ach gan a bheith ag dul trí Lár na Cathrach) – Sampla – An Spidéal go dtí Áth Cinn
Bíonn sé níos deacra daoine a mhealladh chun na haistir seo a dhéanamh le hiompar poiblí ná aistear ar bith eile ó tharla go mbíonn a lán túsphointí agus cinn scríbe éagsúla taobh amuigh den chathair ag taistealaithe, túsphointí nach féidir freastal orthu ar fad le hiompar poiblí a bhíonn ar fáil go minic. Is minic gur taisteal sa charr an t-aon rogha amháin.

I. Taisteal gearr i gCeantair sa Chathair Amuigh – Sampla – An Rinn Mhór go dtí Páirc Mhuirlinne
Is minic gur féidir na cineálacha seo aistir a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar an rothar, agus bíonn sé deacair iad a dhéanamh le hiompar poiblí de ghnáth ach amháin má bhíonn an t-aistear ar phríomhchonair bhus ghathach.

3.3 Straitéis Iompair de réir Modh Taistil

Chun freastal ar an réimse de chineálacha éagsúla aistir i nGaillimh, ní mór idirghabhálacha a dhéanamh do gach modh taistil d'fhonn pacáiste comhtháite beart a fhorbairt le go bhfeabhsóidh an t-iomlán dálaí iompair agus roghanna aistir do chách i nGaillimh.

Moltar pacáiste comhtháite beart sa dréacht-Straitéis Iompair le go bhfeabhsóidh an t-iomlán dálaí iompair agus roghanna aistir do chách i nGaillimh.

Straitéis Iompair – Gréasáin Tráchta

Bainistíocht Tráchta
Ní mór trácht taobh istigh de cheantar láir na cathrach a bhainistiú, le go mbeidh an lár níos compordaí do choisithe agus do rothaithe, agus lena chinntiú gur féidir brath ar iompar poiblí atá ag taisteal tríd an gcathair cuma cén t-am den lá atá i gceist. Tá sé sin bunriachtanach chun athrú ar mhodh taistil i dtreo iompar poiblí a bhaint amach. Is príomhaidhmeanna dá bhrí sin gluaiseacht feithiclí trí lár na cathrach a laghdú, luas feithiclí i gceantar chroílár na cathrach a laghdú, agus tús áite a thabhairt do mhodhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus d'iompar poiblí i lár na cathrach. Cuid den dréachtstraitéis dá bhrí sin is ea trácht a ghabhann tríd an lár faoi láthair (chun áiteanna ar an imeall a bhaint amach) a chur ar mhalairt slí go dtí cuarbhealaí níos oiriúnaí timpeall ar cheantar chroílár na cathrach.

An Gréasán Bóithre agus Sráideanna
Aithnítear nach mbíonn sé áisiúil i gcónaí roinnt aistear trasna na cathrach a dhéanamh le modhanna nach é an carr iad, ar nós rothaíochta agus iompar poiblí (mar shampla, an chuid is mó de thré-aistir ar bhóithre náisiúnta nó réigiúnacha trasna na cathrach, aistir a thosaíonn nó a chríochnaíonn taobh amuigh den chathair i gceantair thuaithe, aistir go déanach san oíche, etc). Meastar dá bhrí sin go bhfuil sé riachtanach bealach traschathrach athléimneach/iontaofa do thaisteal ar na bóithre a chur ar fáil. Meastar go bhfuil cuarbhealach (sainaitheanta mar chuid de thionscadal Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6) tábhachtach ó thaobh an athléimneacht seo a chur ar fáil. Ach acmhainn bhreise do chuarthrácht a chur ar fáil, méadófar na deiseanna chun spás reatha ar na bóithre a chur i leataobh lena úsáid ag coisithe, ag busanna agus ag rothaithe, rud atá sainaitheanta mar phríomhchuspóir bainistíochta tráchta de chuid na dréachtstraitéise seo.

Páirceáil
Mar chuid de phlean chun trácht a bhainistiú sa cheantar láir, tá sé i gceist go mbeidh níos lú páirceála sráide ar fáil agus go ndéanfar bealaí rochtana chuig saoráidí páirceála eas-sráide a chuíchóiriú agus a bhainistiú chun gluaiseacht carranna taobh istigh de lár na cathrach a íoslaghdú. Taobh istigh den cheantar seo, leagfar níos mó béime ar láithreacha páirceála eas-sráide a bhainistiú, agus fáil éasca a bheith orthu (lena n-áirítear cabhair ó thaobh an láthair a bhaint amach agus treoir ó thaobh páirceála de). Beidh sé mar aidhm freisin le bearta páirceála páirceáil sráide a laghdú agus a bhainistiú ar bhealaí iompair phoiblí taobh amuigh de cheantar chroílár na cathrach.

Ní mór freisin struchtúr praghsála páirceála a ghlacadh lena bhféachfar leis an gcostas atá ar pháirceáil i lár na cathrach a shocrú ag leibhéal nach mbaineann an bonn ón iompar poiblí mar rogha eile, atá réalaíoch ó thaobh airgid de, in ionad an chairr.

Bainistíocht Feithiclí Earraí Troma
Níl ceantar láir na Gaillimhe oiriúnach do thrácht earraí troma, agus níor chóir go mbeadh cead isteach ann ag feithiclí den sórt sin ach amháin iad siúd ar mhéid oiriúnach a bhfuil a gceann scríbe (nó a dtúsphointe) i lár na cathrach. Mar chuid de seo, ní mór bainistiú a dhéanamh ar na socruithe ó thaobh cén t-am a ndéantar seachadadh chuig ceantar chroílár na cathrach agus cén bealach isteach ann a úsáidtear. Is trí Bhóthar Loch an tSáile agus tríd sin amháin a bheidh cead ag feithiclí altacha dul go dtí Caladh na Gaillimhe agus ar ais arís.

NStraitéis Iompair – Bearta le haghaidh Iompair Poiblí Áitiúil

Iompar Poiblí Áitiúil
Le go mbeidh rath ar Ghaillimh mar chathair tharraingteach le bheith i do chónaí inti agus ag obair inti, teastaíonn córas iompair phoiblí nua-aimseartha ar ardchaighdeán a chuirfidh ar chumas daoine príomhchinn scríbe a shroicheadh taobh istigh de mhéid réasúnta ama. Le himeacht ama cruthóidh sé sin deiseanna chun roghanna a dhéanamh nach mbíonn ag brath ar charr príobháideach a úsáid. An bealach is fearr chun tarraingt iompair phoiblí a uasmhéadú ná díriú ar ghréasán seirbhísí traschathrach ardmhinicíochta a chur ar fáil, le hamanna aistir iontaofa. Chuige sin, caithfear bearta tosaíochta d'iompar poiblí a chur i bhfeidhm.

Ó tharla nach bhfuil aon dul gur féidir seirbhísí iompair phoiblí ardmhinicíochta a chur ar fáil i ngach cuid den chathair, beidh gá freisin le fosheirbhísí nach gcuirfear ar fáil chomh minic céanna. Éascóidh siad seo rochtain ar iompar poiblí, lena n-áirítear cómhalartú leis an bpríomhghréasán iompair phoiblí ó áiteanna eile sa chathair agus seirbhísí iompair ón gcúlchríoch níos leithne.

Cómhalartú agus Aistriú ar Iompar Poiblí
Is féidir an leas is fearr a bhaint as córais iompair phoiblí ach cómhalartú áisiúil idir seirbhísí iompair phoiblí a bheith san áireamh. Ní mheallfaidh seirbhísí simplí ó cheann go ceann dóthain paisinéirí. Dá bhrí sin, caithfidh an chéad ghlúin eile d'iompar poiblí i nGaillimh prionsabal an aistrithe a aithint ó thaobh cén chaoi a n-úsáideann daoine seirbhísí. Ar deireadh thiar, cuirfidh sé seo i bhfad níos mó ceann scríbe ar fáil don phobal a bhíonn ag taisteal.

Tacsaithe
Cuireann tacsaithe seirbhís riachtanach ar fáil do dhaoine nach mbíonn cineálacha eile iompair phoiblí áisiúil dóibh i gcónaí. Tá sé tábhachtach go mbeadh láithreacha feithimh sábháilte agus tarraingteach agus go mbeidís lonnaithe in áit áisiúil, ach gan aon tionchar díobhálach ar an timpeallacht áitiúil. Nuair is cuí, beidh tacsaithe in ann bonneagar tosaíochta bus a úsáid.

Straitéis Iompair – Iompar Poiblí Réigiúnach

Gréasán Busanna agus Cóistí Réigiúnacha/ Idirchathrach/Comaitéireachta

I gcás busanna agus cóistí réigiúnacha agus fad-achair, bíonn an luas agus iontaofacht aistir ríthábhachtach (le hais minicíochta). Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go mbeadh rochtain ag cóistí ar bhealaí tosaíochta bus agus go mbeadh a ndóthain rochtana acu chun dul go dtí árais ceann aistir do bhusanna agus cóistí i lár na cathrach agus amach astu arís. Is féidir tarraingteacht na seirbhísí seo a fheabhsú freisin ach cómhalartú a chur ar fáil idir iompar poiblí réigiúnach agus áitiúil – ag príomháiteanna ar bhealaí gathacha i lár na cathrach agus taobh amuigh de.

Iarnród

Soláthraíonn iarnród nascacht réigiúnach agus náisiúnta agus cuireann sé leis an gcóras bus. Chun an modh seo a fheabhsú, beidh seirbhísí níos coitianta ag teastáil. Go háitiúil tá sé inmhianaithe deiseanna le haghaidh aistriú idir iarnród agus iompar poiblí áitiúil ag Stáisiún Cheannt, Órán Mór/An Garrán agus Baile Átha an Rí a uasmhéadú. Mar chuid den dréachtstraitéis, dá bhrí sin, tá mol iompair feabhsaithe ag Stáisiún Cheannt/Stáisiún Cóistí Fhaiche an Aonaigh i gcroílár na cathrach, rud a sholáthróidh cómhalartú feabhsaithe idir iarnród agus seirbhísí bus áitiúla agus réigiúnacha.

Páirceáil agus Taisteal

Tosaíonn nó críochnaíonn cuid mhaith de na haistir i nGaillimh taobh amuigh den chathair. Bíonn cinn scríbe ar fud na cathrach ag a lán de na haistir seo agus, dá bhrí sin, tá sé thar a bheith dúshlánach daoine a dhéanann turais den sórt seo a mhealladh isteach i gcóras páirceála agus taistil. Ní thabharfadh seirbhís bhus thraidisiúnta shaincheaptha páirceála agus taistil isteach go lár na cathrach rochtain do dhaoine ar a ndóthain ceann scríbe le go mbeadh sí tarraingteach. B'fhearr dá bhrí sin soláthar páirceála agus taistil a bhunú ar an ngréasán iompair phoiblí ar fud na cathrach atá molta – le go mbeifear in ann réimse ceann scríbe a bhaint amach.

Tá an cur chuige seo níos inbhuanaithe ó thaobh airgid de freisin agus bheadh an soláthar seirbhíse d'úsáideoirí comhtháite taobh istigh den struchtúr táillí d'iompar poiblí. Go comhthreomhar le seirbhísí páirceála agus taistil a chur ar fáil, beidh sé tábhachtach líon agus praghas na spásanna páirceála i lár na cathrach a bhainistiú – sa chaoi is go bhfeicfidh comaitéirí go soiléir go sábhálfaidh siad airgead ach Páirceáil agus Taisteal a úsáid.

Bainistíocht Cóistí Turasóirí

Ní mór láithreacha oiriúnacha fágála/bailithe i lár na cathrach a chur ar fáil do chóistí turasóirí/cuairteoirí. Ní mór spásanna idirstad a chur ar fáil i líon teoranta láithreacha bainistithe taobh amuigh de cheantar chroílár na cathrach. Ina theannta sin, is féidir bealaí do chóistí a phleanáil sa chaoi is go mbainfear úsáid as na lánaí bus tosaíochta atá molta nuair is cuí.

Straitéis Iompair – Siúl agus Rothaíocht

Siúl
Taobh istigh de lár na cathrach, ní mór béim a leagan ar an ngréasán agus timpeallacht do choisithe a fheabhsú agus tús áite a thabhairt dóibh, freastal ar ghluaiseacht idir áiteanna agus í a chur chun cinn, agus freastal ar dhaoine nach bhfuil in ann gluaiseacht go héasca. Mar chuid de sin caithfear trácht i gceantar chroílár na cathrach a laghdú. Taobh amuigh de cheantar chroílár na cathrach, leagfar béim ar thréscaoilteacht a mhéadú taobh istigh de cheantair chónaithe agus fostaíochta bhruachbhailteacha, an gréasán siúil a fheabhsú áit a bhfuil gá leis, sábháilteacht coisithe a mhéadú nuair is gá agus an rochtain atá ag coisithe ar an ngréasán iompair phoiblí a uasmhéadú.

Rothaíocht
Le go soláthróidh rothaíocht modh ollghluaiseachta sa chathair, beidh sé riachtanach croíghréasán a chur ar fáil, gréasán a sholáthróidh deighilt mhaith ón trácht nuair is féidir agus bainistíocht tráchta in áiteanna eile. Ní mór gréasáin fhriothálacha a shainmhíniú freisin chun na bearnaí idir croíchonairí a líonadh. Tá páirceáil áisiúil do rothair ag mórchinn scríbe ar fud na cathrach bunriachtanach freisin. Chun 'cathair rothaíochta' a bhunú, tá sé inmhianaithe Scéim Roinnte Rothar na cathrach a fhorbairt a thuilleadh – is cabhair é seo ó thaobh taisteal ar an rothar, go háirithe sna ceantair lárnacha, a normalú.

An Fearann Poiblí
Déanann timpeallacht na gcoisithe freastal ar gach duine, cónaitheoirí, comaitéirí, turasóirí agus lucht siopadóireachta san áireamh. Tabharfar spás breise ar na bóithre d'iompar poiblí agus, ag gabháil leis seo, cuirfear feabhas ar an bhfearann poiblí – i bhfocail eile, is gné bhunriachtanach de phaisinéirí a mhealladh isteach ar iompar poiblí é caighdeán na timpeallachta a fheabhsú d'aistir ar aghaidh na bpaisinéirí de shiúl na gcos. Is príomhghné den dréachtstraitéis seo, dá bhrí sin, é caighdeán an spáis phoiblí ar chonairí iompair a fheabhsú.

Straitéis Iompair – Tacú le Bearta Iompair

Soghluaisteacht níos Cliste
Cuireann Córais Iompair Chliste (CIC) agus teicneolaíochtaí cliste ar chumas modhanna iompair cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus leis an timpeallacht níos leithne, rud a sholáthraíonn réitigh agus eispéiris iompair chomhtháite do chustaiméirí iompair.

Cuimseofar Soghluaisteacht níos Cliste agus CIC i mBearta na Straitéise Iompair chun tacú leis na moltaí bonneagair agus chun éifeachtúlacht agus acmhainn a uasmhéadú d'fhonn an gréasán iompair a fheabhsú a thuilleadh. Tá sé ríthábhachtach líonra um Rialú Tráchta Uirbigh na Cathrach a leathnú, chomh maith le húsáid a bhaint as CIC chun páirceáil a bhainistiú go héifeachtúil, cabhrú le daoine a mbealach a dhéanamh timpeall na cathrach, soilsiú sráide a uasghrádú, acomhail a fheabhsú agus a uasghrádú agus cur ar chumas na cathrach leas a bhaint as forbairtí amach anseo sa tSoghluaisteacht Chliste.

Taisteal go dtí Ionaid Oideachais
Tá sé tábhachtach gréasán iompair phoiblí agus rothaíochta a fhorbairt atá fabhrach do thaisteal a bhaineann le scoileanna. Níl aon réiteach uathúil ar an éileamh seo ar thaisteal, áfach. Ina ionad sin, tá sé tábhachtach athrú iompraíochta a chur chun cinn ag an am céanna le feabhsú bonneagair chun mic léinn a spreagadh le modhanna inbhuanaithe a úsáid. Leanfar de phleananna taistil scoile a chur chun cinn ar fud na cathrach, agus cuirfear feabhas ar bhonneagar agus ar thréscaoilteacht d'fhonn mealltacht na modhanna inbhuanaithe a fheabhsú. Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle leis an Roinn Oideachais maidir leis an tionchar atá ag beartais iontrála scoileanna ar phatrúin taistil daltaí. Ina theannta sin, beidh seirbhísí iompair phoiblí solúbtha do dhaltaí scoile ach an cárta Leap a bheith in úsáid acu.

Comhtháthú Úsáide Talún
Chun cathair inbhuanaithe a chruthú, is bunriachtanas é úsáid talún a chomhtháthú leis an éileamh ar iompar. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh lonnaíochtaí agus mórfhorbairtí ag teacht le hidirghabhálacha agus seirbhísí iompair chun an t-éileamh ar iompar sa charr príobháideach a laghdú agus chun modhanna iompair inbhuanaithe a chothú agus a chur chun cinn. Caithfidh mórfhorbairtí bheith dírithe ar chroíchonairí áit ar féidir freastal maith a dhéanamh orthu ó thaobh iompar poiblí agus rothaíochta de agus áit a mbeidh siad faoi réir prionsabail deartha a chuireann siúl chun cinn. Ach cur chuige comhordaithe a ghlacadh i leith bainistíocht soghluaisteachta agus feabhas a chur ar thréscaoilteacht, cuirfear le tarraingt na modhanna inbhuanaithe.

Athrú Iompraíochta
Agus roghanna eile seachas an carr príobháideach á gcur chun cinn, don lucht oibre agus do mhic léinn araon, tá sé i gceist go gcuirfí daoine ar an eolas faoin na roghanna taistil atá ar fáil agus tá sé i gceist go mbeadh sé mar bhonn agus mar thaca ag an athrú go dtí modhanna iompair inbhuanaithe. Tá sé i gceist leanúint d'fhorbairt pleananna bainistíochta soghluaisteachta ag mórinstitiúidí fostaíochta agus oideachais agus leanúint d'fheidhmiú céimneach Chlár Taistil na Scoileanna Glasa ar fud na Gaillimhe.

Bainistiú Éilimh
Le go mbeidh níos mó daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompar poiblí i lár na cathrach, teastaíonn bearta bainistithe éilimh chun feidhm na cathrach do na daoine seo a fheabhsú. Ar na bearta a d'fhéadfadh bheith i gceist tá infhaighteacht agus costas páirceála a bhainistiú agus a rialú, srian a chur le sruth tráchta ó shráideanna áirithe, luasteorainneacha a laghdú, trasrianta coisithe breise a chur ar fáil ag príomhláithreacha agus níos lú béime ar thréthrácht a éascú.

3.4 Breithmheas Straitéise

Rinneadh measúnú ar chomhpháirteanna na dréachtstraitéise atá leagtha amach i Roinn 3.3 ó thaobh cén chaoi a dtugann siad aghaidh ar chuspóirí straitéiseacha na dréacht-Straitéise Iompair, mar atá leagtha amach i dTábla 3.1. Baineadh úsáid as Samhail Réigiúnach an Iarthair chun roghanna ó thaobh gréasáin iompair de a shamhaltú d'fhonn an tionchar ar dhálaí taistil, ar sciar de réir modh iompair agus ar mhoill a fháil amach.

Tugadh faoi shamhaltú do roghanna lena mbaineann meascáin éagsúla beart (e.g. le mór-idirghabhálacha bóthair agus gan iad, le bainistiú éilimh, etc.). Measadh na torthaí chun treoir a chur ar fáil ó thaobh an straitéis is fearr a shainaithint. Tá príomhthorthaí an bhreithmheasa ar na roghanna dréachtstraitéise leagtha amach i Roinn 3.5 agus i Roinn 3.6.

Is í an tsamhail iompair atá in úsáid sa chás seo ná Samhail Réigiúnach an Iarthair – samhail iompair straitéiseach ilmhodhanna ghréasánbhunaithe a forbraíodh in 2016 chun cabhrú leis an Údarás Náisiúnta Iompair tacú lena shainchúram pleanála agus a riachtanais ó thaobh pleanála agus breithmheasa de a sheachadadh. Cuimsíonn an tsamhail cúig chontae Chonnacht agus Contae Dhún na nGall agus dírítear ar Chathair na Gaillimhe. Tá maitrísí éilimh inti le haghaidh cúig thréimhse éagsúla de laethanta na seachtaine a shamhaltaítear: Buaic AM (07:00-10:00), Idirbhuaic na Maidine (10:00-13:00), Idirbhuaic na hIarnóna (13:00-16:00), Buaic PM (16:00-19:00) agus Seachbhuaic (19:00-07:00).

Cuimsíonn an tsamhail gach modh rochtana dromchla le haghaidh taisteal pearsanta agus feithiclí earraí lena n-áirítear feithiclí príobháideacha (tacsaithe agus carranna), iompar poiblí (e.g. bus, iarnród), modhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus feithiclí earraí (feithiclí earraí éadroma agus feithiclí earraí troma).

Tábla 3.1 Critéir le haghaidh Breithmheasa

Catagóir	Critéir le haghaidh Measúnú	Príomhtháscairí Feidhmíochta
Eacnamaíochta	Luach ar airgead a chinntiú agus na moltaí á gcur i bhfeidhm	Bonneagar atá ann cheana féin a úsáid agus méid an bhonneagair nua a theastaíonn
	Tacú le feidhm Chathair na Gaillimhe mar lárionad réigiúnach le haghaidh fostaíochta, oideachais, miondíola, fóillíochta agus turasóireachta trí rochtain do chách a chur ar fáil le gréasán iompair éifeachtúil iontaofa.	Amanna aistir ag buaicuair de réir modha Acmhainn in aghaidh éilimh Brú tráchta
Sábháilteacht	Lár na cathrach níos sábháilte a fhorbairt do gach modh agus úsáideoir iompair	Smaoineamh ar an impleacht sábháilteachta a bhaineann le gach idirghabháil Bearta bainistíochta tráchta
	Leas a bhaint as ról an iompair ó thaobh stíl mhaireachtála níos sláintiúla a éascú	Bearta a thacaíonn le siúl agus le rothaíocht
Comhshaol	Deiseanna a chur ar fáil le haghaidh comhtháthú níos fearr idir iompar agus foirm uirbeach	Níos lú tráchta i gceantair íogaire
	Astuithe iompair díobhálacha a íoslaghdú	Níos lú astuithe iompair
Comhtháthú	Tacú le comhtháthú idir iompar inbhuanaithe agus pleanáil agus beartais úsáide talún	Bearta iompair a bheith ag teacht le pleanáil spásúlachta áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus le beartas iompair
	Soláthar do chomhtháthú iompair níos fearr	Áiseanna Páirceála & Taistil Deiseanna le haghaidh cómhalartú iompair phoiblí
Inrochtaine agus Cuimsiú Sóisialta	Inrochtaine ilmhodhanna a fheabhsú taobh istigh d'ionaid chónaithe, fostaíochta agus mhiondíola	Inrochtaine de shiúl na gcos agus ar an rothar, ar iompar poiblí, i gcarr agus i bhfeithicil earraí troma
	Gréasáin iompair atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta a chur ar fáil	Clúdach agus caighdeán seirbhíse an ghréasáin iompair phoiblí

3.5 Roghanna Iompair Phoiblí

Cén Chumraíocht is Fearr a Oireann do Ghaillimh ó thaobh Gréasán Iompair Phoiblí de?
Baineadh úsáid as an tSamhail Iompair chun an úsáid a d'fhéadfadh paisinéirí a bhaint as seirbhísí iompair phoiblí ardmhinicíochta feadh na gconairí is gnóthaí i nGaillimh a thástáil – ag féachaint ar rogha bunaithe ar bhusanna agus ar rogha bunaithe ar iarnród éadrom ar na conairí seo (busanna ar chonairí eile). Tugann na sonraí bonn ar ar féidir an córas iompair phoiblí is oiriúnaí do Ghaillimh a shainaithint. De réir samhaltú ar dhálaí a bheidh ann amach anseo, ach seirbhísí ardmhinicíochta a bheith i bhfeidhm, is é an t-uaséileamh aontreo ó phaisinéirí ná thart ar 1,100 i dtréimhse 1 uair an chloig (sa bhuaic AM). Mar a léirítear i bhFíor 3.3, is ionann é sin agus thart ar 80-90% den acmhainn do phaisinéirí a bheadh ag seirbhís bhus a bhíonn ar fáil go minic, agus níos lú ná 25% den acmhainn a bheadh ag seirbhís iarnróid éadroim a bhíonn ar fáil go minic.

Tugann sé seo le fios go soláthródh seirbhís iarnróid éadroim acmhainn i bhfad níos mó ná mar a theastaíonn. Dá réir sin, nuair a chuirtear san áireamh an costas níos mó a bheadh ar sheirbhísí iarnróid éadroim a thógáil agus a oibriú chomh minic céanna le seirbhísí bus, is léir gur iompar poiblí busbhunaithe an córas is oiriúnaí do Ghaillimh sa tréimhse atá faoi chaibidil sa dréacht-Straitéis Iompair seo.

Tá an gréasán iompair phoiblí agus an cineál córais nó modha ag brath ar roinnt cúinsí eile freisin:

An Gréasán Sráideanna: Is cathair stairiúil í Gaillimh agus is léir ón leagan amach atá uirthi agus óna gréasán bóithre gur cathair í atá ag forbairt le fada an lá. Tá roinnt bóithre agus sráideanna, go mór mór i lár na cathrach, an-chúng, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ar roinnt feithiclí iompair phoiblí nua-aimseartha casadh. Mar a tharlaíonn go minic, caithfidh an spás teoranta ar na bóithre freastal ar a lán éilimh a bhíonn in iomaíocht lena chéile mar ghluaiseachtaí coisithe agus rothaithe, rochtain agus páirceáil d'fheithiclí, lódáil agus seachadtaí chomh maith le hiompar poiblí. Meastar dá bhrí sin gur modh iompair phoiblí busbhunaithe inoiriúnaithe, atá in ann comhtháthú le modhanna eile nuair is gá, is fearr a oireann don chathair.

Gréasán nó Conair: Is iad na gréasáin agus seirbhísí iompair phoiblí is mó a n-éiríonn leo de ghnáth ná iad siúd a chuireann ardmhinicíocht ar fáil go leanúnach i rith an lae ar ghréasán seirbhísí agus atá in ann, dá réir sin, éagsúlacht leathan cuspóirí turais a mhealladh, ar nós turais comaitéirí, turais go hionaid oideachais agus turais le haghaidh gníomhaíochtaí miondíola agus fóillíochta. Ina theannta sin, tá úsáid talún i nGaillimh scaipthe ar fud roinnt conairí, le dáileadh leathan túsphointí agus ceann scríbe. Dá thoradh sin, ní i gcónaí a thagann turais le chéile chun conairí ardéilimh a chruthú agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil gréasán comhtháite seirbhísí bus níos oiriúnaí chun sciar de réir modh iompair agus ioncam (chun íoc as seirbhísí) a uasmhéadú ná seirbhísí 'oll-idirthurais' ar chonairí líneacha.

Fíor 3.3 Uaslíon Daoine Measta i gcás an Dá Rogha le haghaidh Córas Iompair Phoiblí



Treoir Dhea-chleachtais maidir le Modh v. Éileamh: Léirítear i bhFíor 3.4 treoir maidir leis na cineálacha córas iompair phoiblí is oiriúnaí i leith an leibhéil éilimh ó phaisinéirí (in aghaidh an treo in aghaidh na huaire. Is féidir líon níos mó a bhaint amach le feithiclí níos mó agus/nó dhá lána/ráille a úsáid). Ó thaobh córais iompair phoiblí uirbeacha a oibriú, baintear úsáid as córais bunaithe ar iarnród de ghnáth nuair atá an t-éileamh (i.e. sruth thar phointe áirithe) níos mó ná 3,000 in aghaidh na huaire in aghaidh an treo. Léiríonn samhaltú ar dhálaí amach anseo nach mbeidh san uaséileamh paisinéirí aontreo ar chonairí gathacha i nGaillimh, agus seirbhís ardmhinicíochta i bhfeidhm, ach 1,100 sa bhuaicuair. Bheadh sé riachtanach, dá réir sin, minicíocht seirbhíse iarnróid ísil a laghdú le bheith ag teacht leis an éileamh níos ísle seo.

Ní bheadh sé sin chomh tarraingteach céanna do phaisinéirí le seirbhís bhusbhunaithe a bheadh ar fáil níos minice. Dá réir sin, agus gnáthacmhainn córas iompair phoiblí á meas, is léir gurb é an réiteach is oiriúnaí i nGaillimh ná córas busbhunaithe.

Dá bhrí sin, is é an tátal a bhaintear ná go bhfreastalóidh seirbhís iompair phoiblí bhusbhunaithe ardchaighdeáin ar an éileamh tuartha ó phaisinéirí agus go gcuirfidh sí solúbthacht shuntasach ar fáil ó thaobh roghanna gréasáin agus a bheith in ann comhtháthú le modhanna eile.

Go sonrach, beidh gréasán iompair phoiblí busbhunaithe in ann freastal ar ardleibhéal éilimh feadh codanna de chomhchonairí (trí lár na cathrach, mar shampla) agus beidh sé in ann scaipeadh amach chun freastal go díreach ar cheantar níos mó ar bhealach éifeachtúil taobh istigh de bhruachbhailte de chuid na Gaillimhe nach bhfuil an daonra chomh dlúth céanna iontu.

Fíor 3.4 Acmhainní Modhanna Iompair Phoiblí (foinse: Páipéar UITP 'Public Transport: making the right mobility choices' (Vín 2009)



ZONE
Bank
AIB
BUS STOP
DIVERTED TRAFFIC
www.citydirect.ie
City Direct

Cuarsheirbhísí in aghaidh seirbhísí gathacha (le cómhalartú) trí lár na cathrach
Tá sé dearbhaithe ag suirbhéanna ar an iompar reatha agus ag an tSamhail Iompair go mbeidh éileamh láidir fós ar ghluaiseachtaí gathacha isteach go lár na cathrach agus ar ghluaiseachtaí soir-siar trasna na cathrach freisin. Ní mheastar gur cuarsheirbhísí tiomnaithe is fearr a fhreastalóidh ar an ngluaiseacht traschathrach seo ó tharla nach bhfuil dóthain éagsúlachta ann ó thaobh cuspóirí turais de chun tacú le seirbhísí ardmhinicíochta i rith an lae. Ina theannta sin, ní chuirfeadh seirbhís nach mbíonn ar fáil chomh minic céanna, le huaireanta teoranta oibre, solúbthacht mhaith ar fáil ó thaobh an phaisinéara de, agus is beag tionchar a bheadh aici ar an deighilt fhoriomlán de réir modh taistil ó thaobh aistriú ón gcarr príobháideach go hiompar poiblí.

Ach, d'fhonn an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag cuarsheirbhísí bus (trí Dhroichead na gCúig Chéad) a mheas, baineadh úsáid as an tsamhail chun seirbhísí bus traschathrach a bheadh ag taisteal trí lár na cathrach a thástáil i gcoinne cuarsheirbhíse.

Tugtar achoimre ar na torthaí i bhFíor 3.5, a léiríonn gurb ionann líon na ndaoine ag dul ar bord i gcás cuarsheirbhíse agus thart ar 50% de líon na ndaoine ag dul ar bord i gcás seirbhís choibhéiseach a bheadh ag dul trí lár na cathrach. Léiríonn an toradh seo go soiléir go mbeidh seirbhísí bus traschathrach trí lár na cathrach níos tarraingtí do phaisinéirí agus go mbeidh siad níos inmharthana ó thaobh airgeadais de ná cuarsheirbhísí. Ar na príomhbhuntáistí eile a bhaineann le seirbhísí a chur trí lár na cathrach tá:

- Uasmhéadaítear minicíocht na seirbhísí feadh an chuid lárnach de chonairí gathacha. Is dócha go meallfaidh sé seo a lán paisinéirí ó tharla nach mbeidh orthu fanacht ar feadh i bhfad; agus
- Má bhíonn seirbhísí traschathrach á gcur ar an gconair chéanna trí lár na cathrach, tabharfaidh sé sin deiseanna do phaisinéirí aistriú idir seirbhísí chun i bhfad níos mó ceann scríbe a bhaint amach. Ní thógfadh cuarsheirbhís bhus de ghnáth ach paisinéirí a bhfuil a gceann scríbe deiridh gar don bhealach, rud a d'fhágfadh gur beag deis a bheadh ag paisinéirí leas a bhaint as cómhalartú go dtí seirbhísí eile.

Beidh bearta tosaíochta bus suntasacha ag teastáil le haghaidh seirbhísí traschathrach (chun amanna aistir iontaofa a chinntiú), agus ní dócha go mbeadh sé réalaíoch spás bóthair a chur ar fáil do bhusanna ar chonairí lár na cathrach agus ar chonair Dhroichead na gCúig Chéad ag an am céanna ó thaobh acmhainn tráchta a bhainistiú. Ní mholtar dá bhrí sin ach aon chonair bhus thraschathrach amháin agus meastar gur mó go mór an tairbhe a bhainfear as bearta tosaíochta bus trí lár na cathrach (áit a gcuirtear an chuid is mó de na seirbhísí) ná gan tosaíocht bhus a chur ar fáil ach ar Dhroichead na gCúig Chéad, an Príomhbhealach Náisiúnta N6.

Fíor 3.5 Comparáid Shamhaltaithe idir Líon na nDaoine ar Sheirbhísí Traschathrach Gathacha agus Líon na nDaoine ar Chuarsheirbhísí Traschathrach (buaic AM sa dá threo)

700 Líon na bpaisinéirí ag dul ar bord in aghaidh na huaire má oibríonn sé mar chuarsheirbhís

1500 Líon na bpaisinéirí ag dul ar bord in aghaidh na huaire má oibríonn sé trí lár na cathrach

3.6 Roghanna maidir le Gréasán Bóithre

Cén Chumraíocht is Fearr a Oireann do Ghaillimh ó thaobh Gréasán Bóithre de?
Tá na mórbhealaí tráchta trí Chathair na Gaillimhe róghnóthach agus bíonn siad plódaithe ag buaicamanna, rud a fhágann nach bhfuil amanna aistir iontaofa don trácht ginearálta ná don ghréasán bus atá ann cheana féin, go háirithe i gcás aistir thraschathrach. Bíonn drochthionchar ag moill tráchta ar bheagnach gach ceann de na cuspóirí straitéiseacha a sainaithníodh le haghaidh na dréacht-Straitéise Iompair. Ina measc sin tá:

- **Geilleagar – costas breise mar thoradh ar am taistil breise agus daoine ag dul ag obair nó ag dul go hionad oideachais. Nuair a bhíonn moill ar an ngréasán, bíonn impleachtaí costais aige sin do ghluaiseacht lastais agus earraí;**
- **Sábháilteacht agus stíl mhaireachtála ghníomhach – bíonn tionchar díreach agus indíreach ag plódú tráchta ar chaighdeán saoil, ar strus agus ar shábháilteacht gach duine a úsáideann an bóthar, chomh maith le tionchar ar áititheoirí in aice láimhe agus ar dhaoine atá ina gcónaí i réadmhaoin in aice leis an mbóthar;**
- **Comhshaol – tagann méadú mór ar ráta an ídithe breosla, agus ar na hastuithe tráchta a thagann as sin, ar luasanna níos ísle; agus**
- **Inrochtaine agus Cuimsiú Sóisialta – méadaíonn plódú tráchta an méid ama a thógann an taisteal agus, dá bhrí sin, bíonn sé níos deacra teacht ar na ceantair atá i gceist. Ó tharla go mbíonn cineálacha éagsúla modhanna iompair in úsáid ar na bóithre i nGaillimh, cuireann plódú tráchta bac ar choisithe, ar rothaithe agus ar ghluaiseachtaí iompair phoiblí.**

Chun dul i ngleic leis na fadhbanna tráchta atá ann faoi láthair, ní mór tacú le hathrú go modhanna iompair níos inbhuanaithe, agus iad a éascú, nuair is féidir. Chun na rátaí taistil le modhanna inbhuanaithe i gCathair na Gaillimhe a mhéadú, teastóidh feabhas suntasach ar chaighdeán an ghréasáin iompair phoiblí, an ghréasáin do choisithe agus an ghréasáin do rothaithe. Bainfidh sé sin leas as ath-leithroinnt shonraithe spás bóithre ó thrácht ginearálta go modhanna inbhuanaithe.
Mar shampla, chun aistir thraschathrach a chur ar fáil le hiompar poiblí, teastaíonn mórbhearta tosaíochta, ar nós lánaí bus agus srianadh tráchta, trí lár na cathrach. Cé go dtacóidh sé sin le hathrú ar mhodh taistil, laghdóidh sé acmhainn an ghréasáin tráchta trí chéile. Dá bhrí sin, mura mbíonn idirghabhálacha gréasáin bóithre agus bainistíochta tráchta ann chomh maith, beidh na fadhbanna le plódú tráchta fós ann.

Tríd is tríd mar sin, cé go bhfuil sé i gceist go mbeidh níos lú daoine ag taisteal sa charr mar thoradh ar réimse beart iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta, beidh cuid mhaith plódaithe tráchta sa chathair fós. Is fiú a lua, cé go mbeadh níos mó daoine ag úsáid iompar poiblí sa chathair ach gréasán bus ardmhinicíochta a chur ar fáil i nGaillimh amach anseo (le tosaíocht fheabhsaithe trí lár na cathrach), go mbeadh an brú tráchta ar na mórbhealaí trasna na habhann níos measa mar gheall ar thurais a bheith curtha ar mhalairt slí.

Fíor 3.6 Comparáid idir amanna taistil le Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 agus gan é

Léirítear sa léaráid i bhFíor 3.6 an chomparáid shamhaltaithe idir amanna taistil foriomlána (do gach modh) don ghréasán atá ann faoi láthair, agus do dhá chás le hiompar poiblí feabhsaithe agus le feabhsuithe ó thaobh siúil agus rothaíochta de; is é sin, le cuarbhealach nua tráchta agus gan é. Léiríonn an chomparáid go gcaithfear na gréasáin iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta a fheabhsú agus cuarbhealach nua a chur ar fáil chun plódú taistil a laghdú.

I bhfianaise an drochthionchair láidir atá ag brú tráchta ar chuspóirí na dréachtstraitéise seo a bhaint amach, ní chomhlíonfar na cuspóirí foriomlána don dréacht-Straitéis Iompair mura gcuirtear acmhainn bhreise ar fáil do thrácht. Ina theannta sin, níor chóir go mbeadh an acmhainn bhreise seo ar na bóithre i gcoimhlint leis an ngréasán iompair inbhuanaithe feabhsaithe. Ina áit sin, ba chóir go mbeadh an acmhainn bhreise dírithe ar thurais nach féidir a éascú leis na bearta molta (i.e. gluaiseachtaí seach-chathrach agus turais seachtrach-seachtrach). Moltar dá bhrí sin bóthar ceangail nua ó thuaidh den chathair mar chuid den Straitéis Iompair seo chun an acmhainn riachtanach a sheachadadh agus chun tacú le bearta iompair inbhuanaithe a chur ar fáil.

Sruth Tráchta ar Dhroichid na Gaillimhe
Tástáladh roghanna éagsúla do mhéid na hacmhainne agus na nascachta breise ar na bóithre in éineacht leis na bearta le haghaidh gréasán iompair inbhuanaithe. Léiríonn torthaí an mheasúnaithe gurb é an toradh a bheidh ar bhóthar ceangail nua ó thuaidh den chathair, mar aon leis na bearta le haghaidh iompar poiblí agus taisteal gníomhach, ná laghdú ar an méid tráchta ar Dhroichead na gCúig Chéad agus ar Dhroichead Wolfe Tone, laghdú thart ar 20% sa dá chás.

Fágann sé sin go mbeidh an méid ama a thógann aistear taobh istigh de lár na cathrach níos seasta do gach modh iompair. Go sonrach, laghdófar amanna taistil iompair phoiblí agus beidh siad i bhfad níos iontaofa trí lár na cathrach ach an bóthar ceangail nua a chur san áireamh.

Léirítear i bhFíor 3.7 an t-athrú ar an sruth tráchta ar na ceithre bhealach trasna Abhainn na Gaillimhe mura ndéantar ach feabhsuithe iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta, agus má bhíonn Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 ann.

Fíor 3.7 Sruth Feithiclí Buaicuaire trasna Dhroichid Abhainn na Gaillimhe



Ag Droichead na mBradán, moltar gan aon tréthrácht a bheith ann sa chaoi is nach mbeidh ach busanna, tacsaithe agus rothaithe ag úsáid an droichid (agus droichead nua do choisithe lena thaobh). Táthar ag tuar, bunaithe ar an samhaltú ar thurais thar an droichead, gur athrú ar an modh taistil seachas athrú ar líon na dturas a bheidh ann má bhíonn tús áite ag busanna.

Buntáiste mór a thiocfaidh as an athrú seo ná go bhféadfadh sé cur go mór leis an bhfearann poiblí in aice láimhe agus leis an timpeallacht áitiúil toisc go mbeadh an tréthrácht imithe.

Léirítear i bhFíor 3.8 gur beag athrú atá ar líon na dturas paisinéirí trasna Dhroichead na mBradán sna buaicthréimhsí má bhíonn an droichead ainmnithe mar bhealach trasna na habhann d'iompar poiblí amháin, i gcomparáid leis an droichead a bheith fós ar oscailt don trácht ar fad.

Fíor 3.8 Sruth Daoine ag Dul trasna Dhroichead na mBradán ag Buaicuair



Sruth daoine amach anseo (in aghaidh na huaire, dhá threo) agus é ag oibriú mar atá sé faoi láthair.

Sruth daoine amach anseo (in aghaidh na huaire, dhá threo) má bhíonn srianta ar charranna.

Réamhrá

Mar a pléadh i Roinn 1, iompraíonn an gréasán bóithre i nGaillimh úsáideoirí éagsúla (carranna, leoraithe, rothaithe, busanna, cóistí, tacsaithe, iompar scoile, seirbhísí éigeandála) chomh maith le freastal ar aistir éagsúla taobh istigh den chathair,mar shampla, isteach sa lár, trasna na cathrach, turais áitiúla ghearra, turais a thosaíonn agus a chríochnaíonn taobh amuigh den chathair, tréthurais etc. Gan idirghabháil, rachaidh an brú tráchta atá ann faoi láthair in olcas a thuilleadh le himeacht ama de réir mar a fhásann an chathair. Tá sé bunriachtanach, dá réir sin, athléimneacht an ghréasáin iompair bhótharbhunaithe a fheabhsú chun tacú le forbairt na Gaillimhe. I Straitéis Iompair na Gaillimhe leagtar amach réimse beart chun dul i ngleic le brú tráchta reatha agus todhchaí, agus áirítear inti bainistíocht tráchta (go mór mór i lár na cathrach chun tús áite a thabhairt do shiúl, do rothaíocht agus do ghluaiseacht busanna), naisc nua agus fheabhsaithe chuig bóthair agus chuig mórbhealaí, gníomhaíocht pháirceála a bhainistiú, agus gluaiseacht agus seachadtaí feithiclí earraí troma a rialú agus a bhainistiú. Tá na bealaí tríd an gcathair agus timpeall na cathrach rangaithe ar leibhéil éagsúla d'fhonn aistir a dheighilt de réir cineáil agus na cineálacha aistir is oiriúnaí a shannadh do gach gréasán bóithre nó modh malartach.

Fíor 4.1 Coincheap an Naisc Traschathrach



4.1 Bainistíocht Tráchta i Lár na Cathrach

Soláthraíonn an straitéis a leagtar amach i Roinn 3 creat do na bearta bainistíochta tráchta atá forbartha.

Féachtar sa dréachtstraitéis le mótarthrácht neamhriachtanach a bhaint de cheantar chroílár na cathrach (i.e. trácht atá ag taisteal trí lár na cathrach a bhfuil a thúsphointe agus a cheann scríbe taobh amuigh de lár na cathrach). Chun é sin a dhéanamh, bainfear úsáid as meascán bealaí timpeall ar lár na cathrach, agus tabharfar tús áite do mhodhanna eile taobh istigh de cheantar chroílár na cathrach tríd an 'Nasc Traschathrach', conair (taispeántar scéim di i bhFíor 4.1) atá molta trí cheantar chroílár na cathrach lena dtabharfar tús áite breise do shiúl, do rothaíocht agus d'iompar poiblí thar an gcarr príobháideach. Tugtar achoimre i dTábla 4.1 ar na bearta atá molta le haghaidh bainistíocht tráchta i lár na cathrach.

Tábla 4.1 Bainistíocht Tráchta i Lár na Cathrach

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Deartha agus Roghanna Eile
Tréghluaiseacht carranna agus luas tráchta i lár na cathrach a laghdú.	Moltar an gréasán bóithre i lár na cathrach a eagrú sa chaoi is go mbeidh 'gréasán rochtana lár na cathrach' ann (codanna de bhóthar a théann timpeall ar chroílár chathair na Gaillimhe, seachas bóthar leanúnach) feadh codanna de na bóithre seo a leanas: • Bóthar Loch an tSáile; • Bóthar na nDuganna/Bóthar na gCeannaithe; • Droichead Wolfe Tone; • Bóthar an Athar Uí Ghríofa; • An Corrán; • Bóthar Mhuire; • Bóthar an Chaisleáin Nua Íochtarach; • Droichead na gCúig Chéad; • Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh; agus • Bóthar Mhóinín na gCiseach. Soláthróidh gréasán rochtana lár na cathrach rochtain ar lár na cathrach agus trébhealach d'aistir áitiúla. Soláthróidh gréasán tánaisteach bóithre rochtana rochtain ar charrchlóis freisin (Bóthar Fhaiche an Aonaigh, Bóthar na mBan agus Bóthar Áth Cinn san áireamh).	Tá Bóthar Loch an tSáile ainmnithe mar chuid de ghréasán rochtana lár na cathrach de rogha ar Bhóthar an Choláiste (atá níos oiriúnaí mar bhealach bus), mar go soláthraíonn sé bealach chuig carrchlóis ar an taobh theas de lár na cathrach agus chuig ceantar na ndugaí, agus is nasc díreach é le Bóthar na nDuganna, le Droichead Wolfe Tone agus le Caladh na Gaillimhe. Tá dhá chuarbhealach trasna na habhann ag gréasán rochtana lár na cathrach, ag Droichead Wolfe Tone agus ag Droichead na gCúig Chéad. Is príomhbhealach do thréthrácht inchathrach é Droichead na gCúig Chéad freisin.
Tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí iompair phoiblí i lár na cathrach.	Tá bealach iompair phoiblí, an 'Nasc Traschathrach', le cur i bhfeidhm trí cheantar chroílár na cathrach (agus srianta ar thrácht eile). Téann bealach an Naisc Traschathrach feadh Bhóthar na hOllscoile, trasna Dhroichead na mBradán, feadh Shráid Eglinton, timpeall ar an bhFaiche Mhór agus feadh Shráid Forster agus Bhóthar an Choláiste.	Sainaithníodh gurb é Droichead na mBradán an bealach is fearr do bhusanna amháin taobh thiar de lár na cathrach. Breithníodh roghanna eile ag: • Droichead Wolfe Tone, a bhfuil drochnasc aige leis an lána bus ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc; agus • Droichead na gCúig Chéad. Fuarthas amach nach bhfuil sé ag teacht chomh maith céanna le mianlínte paisinéirí (go háirithe isteach go lár na cathrach). Taobh thoir de lár na cathrach, sainaithnítear gurb é an bealach is oiriúnaí agus is indéanta lena chinntiú gur féidir le busanna agus le cóistí taisteal go díreach go dtí lár na cathrach agus uaidh trí Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus trí Bhóthar Pháirc an Tobair ná bealach tosaíochta bus a bhunú feadh Bhóthar an Choláiste.

4.2 Gréasán Rochtana Lár na Cathrach

Is léir nach leor turais i bhfeithiclí príobháideacha chun freastal ar an méadú ar éileamh taistil a bheidh ann amach anseo. Lena chinntiú go mbeidh an córas iompair phoiblí trí chéile in ann freastal ar an éileamh seo, ní mór roinnt spáis ar na bóithre a thabhairt do mhodhanna gníomhacha agus d'iompar poiblí agus dóibh sin amháin.

I bhfianaise an cheantair atá clúdaithe ag Cathair na Gaillimhe, áfach, beidh roinnt aistear sa charr príobháideach fós riachtanach, agus beidh fáil ar an gcathair agus ar an gcaladh fós ag teastáil ó fheithiclí earraí troma. Moltar 'gréasán rochtana lár na cathrach' atá sainmhínithe go soiléir le go mbeidh fáil ag an trácht ar cheantar chroílár na cathrach agus go mbeidh an trácht in ann gluaiseacht timpeall air. Dá thoradh seo beidh fáil ar charrchlóis, beidh trácht in ann dul isteach go lár na cathrach ag an bpointe iontrála is oiriúnaí dá cheann scríbe deiridh agus beidh trácht traschathrach laghdaithe feadh conairí sonraithe.

Léiríonn gréasán rochtana lár na cathrach i bhFíor 4.2 na bealaí is fearr chuig príomhchinn scríbe i lár na Gaillimhe. Beidh feithiclí ag taisteal sa dá threo ar Bhóthar Loch an tSáile, úsáidfidh siad an córas aontreo reatha timpeall ar Bhóthar na nDuganna agus Bóthar na gCeannaithe, agus beidh siad ag taisteal sa dá threo trasna Dhroichead Wolfe Tone, ag coinneáil orthu siar i dtreo Phromanáid Bhóthar na Trá feadh Bhóthar na Trá Báine (R336).

Beifear in ann teacht ar Bhóthar na Trá Íochtarach agus ar an mBóthar Ard ach leanúint ar aghaidh ar Bhóthar an Athar Uí Ghríofa, ach beidh rochtain tráchta sa cheantar seo faoi réir athbhreithnithe acomhail a fhágfaidh go mbeidh tús áite leanúnach ag busanna ó Bhóthar na Trá Íochtarach (acomhal Pháirc Devon) go Bóthar Mhuire agus Bóthar an Chaisleáin Nua. Beidh fáil ar Sheantalamh ó cheantair Bhóthar na Trá agus Bhóthar an Athar Uí Ghríofa, ach fágfaidh bearta bainistíochta tráchta go mbeidh fáil níos éasca ar Sheantalamh ó chonair R338 Bhóthar Shéamais Uí Chuirc – Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill.

Is ón gconair sin den chuid is mó a bheidh fáil ar Bhóthar na Trá, ar Rathún, ar an Taobh Thiar, ar an gCaisleán Nua, ar Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus ar OÉ Gaillimh. Beidh príomhacomhail ghréasán rochtana lár na cathrach ag acomhal na mBoidicíneach (chun teacht ar limistéar siopadóireachta Bhóthar Áth Cinn agus ar Bharr an Chalaidh), ag Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh chun teacht ar an mBóthar Mór, agus ag Bóthar Mhóinín na gCiseach chun ceangal le Bóthar Loch an tSáile.

I gcomhar leis na hathruithe sin, beidh bealach rochtana ionchathrach dhá threo ann a chuimseoidh Bóthar na mBan, Bóthar Bhreandáin Uí Eithir agus Bóthar Fhaiche an Aonaigh. Cuirfidh sé sin nasc inmheánach breise ar fáil ó Bhóthar Áth Cinn go dtí Bóthar Loch an tSáile. Déanta na fírinne, beidh mótarthrácht príobháideach in ann teacht ar lár na cathrach ó gach treo, agus é a fhágáil ar an taobh céanna. Chun gluaiseacht taobh istigh den chathair, áfach, beidh ar charranna úsáid a bhaint as na cuarbhealaí trasna Abhainn na Gaillimhe ar ghréasán rochtana lár na cathrach.

Príomhathruithe: Faoi na moltaí seo, beidh athrú ar ghluaiseachtaí ar Bhóthar Bhreandáin Uí Eithir agus ar chuid de Bhóthar Fhaiche an Aonaigh agus déanfar bealach dhá threo do thrácht díobh.

Fíor 4.2 Gréasán Rochtana Lár Chathair na Gaillimhe

Uimhreacha na n-acomhal

1 **Gréasán Rochtana Lár na Cathrach**

Bealach Rochtana Ionchathrach

Cómhalartú Bus

Tús Áite do Bhusanna / Bealach do Bhusanna Amháin (le seachadadh/ rochtain áitiúil ag amanna sonraithe)

Stáisiún Traenach

Stáisiún Bus

Innéacs na nAcomhal

1. Bóthar Loch an tSáile/Bóthar Fhaiche an Aonaigh
2. Bóthar Loch an tSáile/Bóthar na nDuganna
3. Bóthar na nDuganna/Sráid na Banríona
4. Bóthar an Athar Uí Ghríofa/Sráid Thobar an Iarla
5. Bóthar an Athar Uí Ghríofa/Cé an Chladaigh
6. Bóthar an Athar Uí Ghríofa/An Corrán
7. An Corrán/Bóthar Mhuire
8. Bóthar Sheantalaimh/Bóthar an Chaisleáin Nua
9. Bóthar an Chaisleáin Nua/Bóthar na hOllscoile
10. Bóthar an Chaisleáin Nua/Seanbhóthar Shéamais Uí Chuirc
11. Bóthar an Chaisleáin Nua/N6
12. N6/Bóthar Áth Cinn/Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh
13. An Bóthar Mór/Bóthar Thuama/Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh
14. Bóthar Mhóinín na gCiseach/Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath/ Bóthar an Choláiste/Bóthar Pháirc an Tobair
15. Bóthar an Choláiste/Bóthar Loch an tSáile
16. Bóthar Áth Cinn/Bóthar na mBan
17. Bóthar na mBan/Cnoc na Radharc/An Bóthar Mór
18. Cnoc na Radharc/An Bóthar Mór/Bóthar Uí Eithir
19. Bóthar Uí Eithir/Sráid Forster/Bóthar Fhaiche an Aonaigh

4.3 An Nasc Traschathrach

Is éard atá sa 'Nasc Traschathrach', a léirítear i bhfoirm scéime i bhFíor 4.1, ná conair lárnach a thrasnaíonn ceantar chroílár na cathrach agus nach mbeidh cead isteach ann ach ag feithiclí iompair phoiblí, coisithe, rothaithe agus trácht áitiúil. Dá thoradh seo, beidh iompar poiblí éifeachtúil iontaofa ann go dtí agus trí lár na cathrach ó Bhóthar na hOllscoile, trasna Dhroichead na mBradán, feadh Shráid Eglinton, timpeall ar an bhFaiche Mhór agus feadh Shráid Forster agus Bhóthar an Choláiste. Is bealach lárnach é seo d'iompar poiblí, do rothaithe agus do choisithe atá ag dul go dtí príomháiteanna mar Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, OÉ Gaillimh, lár miondíola agus caitheamh aimsire na cathrach agus lárionaid iompair phoiblí ag na stáisiúin traenach agus bhus. Tá sé molta an fearann poiblí a fheabhsú feadh an Naisc Traschathrach le go mbeidh timpeallacht níos fearr ann don rothaíocht agus don siúl agus, tríd is tríd, beidh aistir go dtí agus trí lár na cathrach níos taitneamhaí dá thoradh seo. Cuirtear sonraí breise faoi na moltaí seo i láthair i Roinn 7.

San íomhá ar dheis tugtar léiriú coincheapúil ar an tsainghné uirbeach ag Teach Cúirte na Gaillimhe i limistéar Dhroichead na mBradán mar thoradh ar an Nasc Traschathrach agus an laghdú gaolmhar ar an sruth mótarthráchta.

Coincheap an Naisc Traschathrach – Teach Cúirte na Gaillimhe agus an ceantar máguaird

An Nasc Traschathrach

4.4 Rochtain ar Chroílár na Cathrach

Déanfar ath-leithroinnt spás bóithre i gceantar chroílár na cathrach taobh istigh de ghréasán rochtana lár na cathrach chun tús áite a thabhairt d'iompar poiblí agus do mhodhanna gníomhacha. Ansin éascóidh sé sin feabhsuithe ar an bhfearann poiblí feadh chonair an Naisc Traschathrach, ach beidh athruithe ar ghluaiseachtaí carranna príobháideacha ag teastáil taobh istigh de lár na cathrach le go dtarlóidh sé. Tá an straitéis ghluaiseachta atá molta le feiceáil i bhFíor 4.3. Tá rochtain ar pháirceáil eas-sráide coinnithe trí na gluaiseachtaí seo. Tá fáil ar lár na cathrach fós, ach ní thugtar tús áite don charr príobháideach sa cheantar seo a thuilleadh.

Príomhathruithe
Beidh na hathruithe seo a leanas ar ghluaiseachtaí i gceantar chroílár na cathrach:

- Ní cheadófar ach iompar poiblí agus rochtain áitiúil ar Bhóthar na hOllscoile, ar Dhroichead na mBradán, ar an bhFaiche Mhór, i bPlás Victoria, ar Shráid Forster agus ar Bhóthar an Choláiste;
- Déanfar sráid aontreo siar de Bhóthar Mhuire;
- Déanfar sráid aontreo ó thuaidh de Bhaile Nua Mhic Gabhann; agus
- Is ón taobh thiar amháin a bheidh rochtain ag carranna ar an Ardeaglais agus ar an gcarrchlós. Is rochtain dhá threo a bheidh i gceist.

Fíor 4.3 Ceantar Chroílár na Cathrach



Déanfar ath-leithroinnt spás bóithre i gceantar chroílár na cathrach taobh istigh de Ghréasán Rochtana Lár na Cathrach chun tús áite a thabhairt d'iompar poiblí agus do mhodhanna gníomhacha.

Coincheap Cheantar Chroílár na Cathrach – An Fhaiche Mhór Thuaidh

4.5 An Gréasán Bóithre agus Sráideanna

Tá an gréasán bóithre níos leithne atá ann cheana féin ríthábhachtach d'oibriú na cathrach agus an réigiúin mórthimpeall. Ó tharla gur faoin tuath atá an ceantar atá díreach thart ar an gcathair, agus i bhfianaise dháileadh leathan na gceann scríbe agus na dturas go dtí an limistéar staidéir, taobh istigh den limistéar staidéir agus trasna an limistéir staidéir, ní bheifear in ann dóthain roghanna iompair phoiblí a chur ar fáil chun dul i ngleic go hiomlán leis an éileamh iompair. Fiú má bhíonn níos mó daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompar poiblí, mar atá tuartha, is dócha go mbeidh níos mó brú tráchta ar an ngréasán bóithre réigiúnacha agus náisiúnta. Sna ceantair uirbeacha agus thuaithe imeallacha, dá bhrí sin, príomhchuid den chóras iompair trí chéile a bheidh sa charr príobháideach fós.

Tá uasghráduithe ar acomhail feadh an N6 tar éis feidhmíocht an bhóthair seo a fheabhsú, agus tá siad fós á feabhsú, ach cuireann líon agus cineál na mbealaí trasna na habhann teorainn leis an scóip le haghaidh acmhainn bhreise. D'fhonn cur le feidhm na Gaillimhe mar chathair réigiúnach agus fás leanúnach a cheadú, tá bealach eile trasna na habhann riachtanach. Tá tionscadal Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 tar éis an chonair is oiriúnaí do scéim cuarbhóithre do Ghaillimh a shainaithint. Cuirtear an bealach don scéim bóithre seo i láthair i bhFíor 4.4.

Tá tábhacht agus buntáistí an chuarbhealaigh atá molta, ó thaobh Straitéis Iompair comhtháite foriomlán a sheachadadh do Ghaillimh, bunaithe mar chuid den phróiseas forbartha dréachtstraitéise, mar a leagadh amach níos luaithe i gCaibidil 3. Tugtar achoimre i dTábla 4.2 ar na haidhmeanna, na moltaí agus na roghanna eile a breithníodh i dtaca leis na bearta le haghaidh an ghréasáin bóithre agus sráideanna.

Tábla 4.2 An Gréasán Bóithre agus Sráideanna

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Deartha agus Roghanna Eile
Oibriú an ghréasáin bóithre a bheith athléimneach sa chaoi is go mbeidh am aistir iontaofa (ní gá go mbeadh sé tapa) ag gach taistealaí.	Moltar cuarbhealach amuigh d'fhonn athléimneacht Straitéis Iompair na Gaillimhe a fheabhsú, trí bhrú tráchta a laghdú ar phríomhbhóthair eile agus deis a chur ar fáil chun spás bóthair a ath-leithdháileadh taobh istigh den chathair le haghaidh tosaíocht bhus agus lánaí rothar. I dteannta an chuarbhealaigh amuigh, moltar roinnt nasc bóthair áitiúil tánaisteach chun nascacht a fheabhsú ar leibhéal áitiúil do mhótarthrácht, do choisithe, do rothaithe agus do bhusanna.	Tá uasghráduithe ar acomhail feadh an N6 tar éis feidhmíocht an bhóthair seo a fheabhsú, agus tá siad fós á feabhsú, ach cuireann líon agus cineál na mbealaí trasna na habhann teorainn leis seo. Tá cuarbhóthar nua ag teastáil chun athléimneacht an ghréasáin a fheabhsú agus chun freastal ar fhás na cathrach. Tá roghanna iniúchta ag tionscadal Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 – agus tá conair indéanta sainaitheanta le haghaidh cuarbhóthair – le bóithre ceangail gaolmhara. Samhaltaíodh a lán roghanna éagsúla d'iompar poiblí d'fhonn réitigh nach bóthar iad a mheasúnú – ach ba é an tátal a baineadh ná gur cuarbhóthar nua a dhéanann an leas is fearr trí chéile (ag an am céanna le feabhsuithe ar na modhanna ar fad in áiteanna eile). Níl na scéimeanna bóthair a mholtar mar chuid den SIG iomlán, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh uasghráduithe ar bhóithre nó bóithre ceangail nua ag teastáil chun suíomhanna atá ann cheana féin a athfhorbairt, nó le haghaidh forbairtí nua ar nós chonair na nArdán atá pleanáilte, mar shampla.
An gréasán bóithre a fheabhsú chun freastal ar na haistir sin nach féidir a dhéanamh (ar bhealach inmharthana) ar iompar poiblí, ar an rothar ná de shiúl na gcos.	Cuirfidh cuarbhealach amuigh bealach áisiúil ar fáil do roinnt aistear carrbhunaithe nach féidir a dhéanamh go réidh le modhanna eile – tré-aistir, mar shampla.	

Fíor 4.4 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6



4.6 Páirceáil

Mar atá i ngach lárionad uirbeach, tá dlúthbhaint ag soláthar agus bainistíocht páirceála le bainistíocht an éilimh ar thaisteal. Cé go bhféadann soláthar páirceála agus iompar poiblí bheith ann le chéile, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an dá rud. Taobh istigh de lár na cathrach, tá níos mó ná 4,000 spás páirceála carrchlóis, agus 700-800 spás eile ar an tsráid. Tá cuid de na carrchlóis seo bunaithe go príomha ar pháirceáil fadfhanachta agus is féidir í a fháil ar chostas chomh beag le €4 in aghaidh an lae.

Mar chuid den dréachtstraitéis seo, tá sé molta nach mbeidh an oiread sin daoine ag páirceáil a gcairr taobh istigh den chathair agus, go sonrach, an bhéim a athrú ó pháirceáil ar an tsráid go soláthar páirceála carrchlóis bainistithe. Chuige sin teastaíonn roghanna ardchaighdeáin eile seachas taisteal carrbhunaithe, is é sin na moltaí iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta a leagtar amach sa Straitéis Iompair. Tá deis ann chun roinnt de na suíomhanna carrchlóis atá sa chathair faoi láthair a fhorbairt, agus d'fhéadfadh sé go laghdófaí an stoc páirceála go nádúrtha má dhéantar forbairt ar na suíomhanna sin le himeacht ama.

Tugtar achoimre ar aidhmeanna agus ar bhearta molta le haghaidh páirceála i dTábla 4.3.

Tábla 4.3 Páirceáil

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Deartha agus Roghanna Eile
Socruithe rochtana éifeachtúla a chur ar fáil do na carrchlóis i lár na cathrach.	Moltar ordlathas na sráideanna i lár na cathrach a chuíchóiriú le go mbeidh comharthaíocht mhaith ann chuig carrchlóis trí ghréasán rochtana lár na cathrach agus trí bhealaí rochtana áitiúla. Tá Comharthaíocht Teachtaireachtaí Dinimiciúla molta freisin ar bhealaí chun na cathrach, chomh maith le Córas Treoraithe Páirceála gaolmhar.	Bíonn páirceáil fíorthábhachtach agus daoine ag roghnú modh taistil, agus is féidir le páirceáil cur isteach go fisiciúil ar shráideanna lár na cathrach. Meastar gur gá bealaí rochtana, páirceáil sráide agus praghsáil a bhainistiú chun tacú le straitéis fhoriomlán chun dálaí iompair a fheabhsú i lár na cathrach. Chun comaitéirí a spreagadh gan a gcarr a pháirceáil ach úsáid a bhaint as iompar poiblí ina áit sin, moltar srian a chur ar pháirceáil carranna taobh istigh de cheantar lár na cathrach. Ina theannta sin, leagfar béim láidir ar mhórfhostóirí a spreagadh chun moltaí láidre bainistíochta soghluaisteachta a fhorbairt, rud a bheidh mar chuid den straitéis níos fadtéarmaí chun dul i ngleic leis an éileamh reatha ar pháirceáil carranna i lár na cathrach. Moltar freisin glacadh le caighdeáin pháirceála laghdaithe i gcás forbairtí atá suite in aice le croí-iompar poiblí (iompar poiblí ardmhinicíochta).
Cinnte a dhéanamh de nach bhfuil páirceáil mórán níos saoire ná iompar poiblí.	Meon a bheith ann go mbíonn táillí páirceála cosúil le ghnáth-tháillí bus nó níos daoire ná iad. D'fhéadfadh táillí ríomhpháirceála (páirceáil ghutháin nó téacs) bheith ina gcabhair ó thaobh praghsanna páirceála agus bus a chothromú.	
An tionchar atá ag páirceáil ar an timpeallacht i lár na cathrach agus ar ghluaiseacht busanna agus rothar a laghdú.	Moltar an chuid is mó den pháirceáil sráide i lár na cathrach a bhaint chun tuilleadh spáis bóthair a chur ar fáil do choisithe agus d'iompar poiblí, ach páirceáil do thiománaithe faoi mhíchumas a choinneáil. Moltar forfheidhmiú feabhsaithe freisin. Cabhróidh roinnt cuíchóirithe ar pháirceáil sráide ar bhealaí rochtana gathacha le gluaiseacht busanna freisin.	

4.7 Bainistíocht Feithiclí Earraí Troma

Tá córais éifeachtúla iompair agus seachadta lastais bunriachtanach do ghníomhaíocht gheilleagrach na cathrach agus na gceantar máguaird. Teastaíonn ceangail iompair iontaofa ó Chaladh na Gaillimhe agus ó na ceantair thionsclaíochta le haghaidh gluaiseacht earraí, agus teastaíonn córais dáileacháin iontaofa ó asraonta tráchtála agus ó shiopaí chun leibhéil stoic a bhainistiú agus chun earraí a sheachadadh chuig custaiméirí. Ó tharla gur réigiún scaipthe tuaithe atá i gceist agus ó tharla go bhfuil an gréasán iarnróid teoranta, is ar na bóithre atá agus a bheidh an chuid is mó den lastas á aistriú sa réigiún. Dá thoradh sin, ní mór gluaiseacht feithiclí earraí a chur san áireamh agus an gréasán bóithre á fhorbairt agus á bhainistiú.

Tugtar achoimre ar aidhmeanna agus ar bhearta molta le haghaidh bainistíocht feithiclí earraí troma i dTábla 4.4.

Tábla 4.4 Bainistíocht Feithiclí Earraí Troma

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Deartha agus Roghanna Eile
Gan cead isteach i lár na cathrach a thabhairt ach d'fheithicil earraí troma a bhfuil a gceann scríbe (nó a dtúsphointe) i lár na cathrach.	Is trí ghréasán rochtana lár na cathrach a bheidh feithiclí earraí troma in ann gluaiseacht timpeall na cathrach, rochtain ar lár na cathrach agus ar an gcaladh san áireamh.	Caithfidh an Straitéis Bainistíochta HGV cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais oibriúcháin Chaladh na Gaillimhe, na gceantar tionsclaíochta agus dhúiche thráchtála lár na cathrach, ar láimh amháin, agus, ar an láimh eile, an gá le gluaiseacht éifeachtúil daoine agus le timpeallacht tharraingteach chathrach a chruthú. Meastar dá bhrí sin gur cuid bhunriachtanach den dréacht-Straitéis Iompair é srian a chur ar ghluaiseachtaí HGV sa chaoi is nach mbeidh siad ach ar bhealaí tiomnaithe, ar nós ghréasán rochtana lár na cathrach, agus seachadtaí i lár na cathrach a bheith le déanamh ag amanna ar leith.
Bealaí agus amanna na seachadtaí chuig an gceantar láir a bhainistiú.	Moltar straitéis lódála agus seachadta do cheantar chroílár na cathrach. Faoin straitéis seo ní bheidh rochtain air ach ag uaireanta seachbhuaice, cosúil leis na socruithe reatha ar Shráid na Siopaí agus ar Shráid na Céibhe.	

Cuspóir lárnach den straitéis is ea seirbhís bus éifeachtach, iontaofa agus mealltach a sholáthar do Ghaillimh.

Réamhrá

Gné thábhachtach de chuid mhaith de na cuspóirí straitéiseacha is ea feabhas ar an iompar poiblí áitiúil, eadhon:

- rochtain a fheabhsú trí ghréasán iompair éifeachtach agus iontaofa; agus
- a oiread leasa agus is féidir a bhaint as deiseanna acomhail chun modhanna iompair a chomhtháthú.

Faoi láthair, bíonn busanna agus tacsaithe i mbun an iompair phoiblí sa chathair, agus rinneadh measúnú ar thograí chun na seirbhísí sin a uasghrádú agus forbraíodh iad mar chuid den dréacht-Straitéis Iompair.

Sainaithníodh le linn measúnú ar roghanna mar chuid d'fhorbairt na dréacht-Straitéise Iompair gurb í seirbhís bus ardmhinicíochta d'ardchaighdeán an cineál soláthar iompair phoiblí is oiriúnaí do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird.

5.1 Iompar Poiblí i gCathair na Gaillimhe

Tá sciar íseal de réir modh iompair ag an iompar poiblí i nGaillimh faoi láthair; tá a úsáid faoi bhun 10% den taisteal mótair. Teastaíonn mórathrú i soláthar agus in úsáid an iompair phoiblí chun cuspóirí na dréacht-Straitéise Iompair a chomhlíonadh, agus dá bhrí sin is cuid riachtanach den dréacht-Straitéis Iompair é seirbhís iompair phoiblí éifeachtach, iontaofa agus mealltach, atá bunaithe ar bhusanna, a sholáthar i nGaillimh, ionas gur féidir cuid mhór de na turais chun na cathrach agus laistigh di a dhéanamh ar bhus. Caithfear iontaofacht i dtréimhse na dturas agus luas na dturas a bhaint amach chun go mbeadh an tseirbhís in ann dul in iomaíocht le húsáid carranna príobháideacha.

Is í seo an mhodheolaíocht a úsáideadh chun Gréasán Bus Chathair na Gaillimhe, atá á mholadh, a fhorbairt:

1. An gréasán bus is oiriúnaí don limistéar staidéir a fhorbairt, bunaithe ar phatrúin túsphointe-cinn scríbe, agus clúdach gréasáin agus seirbhísí go dtí na príomháiteanna a tharraingíonn daoine a uasmhéadú;
2. Moltaí tosaíochta bonneagair a fhorbairt don ghréasán, bunaithe ar iniúchtaí ar an láithreán chun srianta innealtóireachta a dhéanamh amach.

Gné riachtanach den ghréasán bus is ea go mbeidh na seirbhísí ardmhinicíochta atá molta ag feidhmiú trasna na cathrach, rud a chuirfidh seirbhísí díreacha ar fáil do phaisinéirí a dteastaíonn uathu taisteal chun na hoibre ar cheachtar taobh den chathair, agus a fheabhsóidh an nascacht soir-siar, Bearna agus Órán Mór san áireamh.

A luaithe is a bhunaítear é, tá sé i gceist go ndéanfar monatóireacht rialta ar leibhéal an éilimh taistil ar an ngréasán molta, agus go bhféadfaí roinnt bealaí a uasghrádú go seirbhísí Lána Bus Gasta amach anseo tríd an leibhéal minicíochta agus an soláthar seirbhíse a mhéadú dá réir, má thagann dlús faoin bhforbairt feadh na mbealaí agus má mhéadaíonn líon na bpaisinéirí a dhóthain.

Ar na bealaí isteach chuig lár na cathrach agus tríd, is gá nach gcuirfeadh tranglam tráchta isteach mórán ar thaisteal ar an iompar poiblí chun go n-úsáidfidh go leor paisinéirí é agus chun a chinntiú go bhfuil na seirbhísí inmharthana ó thaobh na tráchtála de. Beidh gá le bearta bainistíochta tráchta lena aghaidh sin agus go mbainfear trácht ag dul trí lár na cathrach, mar a leagtar amach i gCuid 4, chun go dtabharfar tús áite do sheirbhísí bus.

D'fhonn creat a sholáthar chun bearta a fhorbairt, leagadh amach sraith aidhmeanna d'iompair poiblí áitiúil – a chuireann ar ár gcumas tograí gréasáin a fhorbairt. Leagtar amach na tograí i dTábla 5.1.

Tábla 5.1 Iompar Poiblí Áitiúil

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Dearaidh agus Breithniú ar Roghanna Malartacha
Líon na bpaisinéirí a dteastaíonn uathu iompar poiblí a úsáid a mhéadú oiread agus is féidir trí ghréasán iompair phoiblí ardmhinicíochta a chur ar fáil.	Moltar na príomhlánaí bus atá ann faoi láthair a uasghrádú go bealaí iompair phoiblí 'ardmhinicíochta' a bheidh mar chnámh droma 'seasta' an iompair phoiblí i nGaillimh amach anseo. Moltar na bealaí sin mar seo a leanas: An tIarthar: • Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – Bóthar na hOllscoile, agus ar aghaidh go dtí an Fhaiche Mhór • Cnoc na Cathrach – an R336, Bóthar an Chósta – Bóthar na Trá – Bóthar an Chaisleáin Nua – Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – Bóthar na hOllscoile, agus ar aghaidh go dtí an Fhaiche Mhór An tOirthear: • An Pháirc Mhór – Baile an Bhriotaigh – Bóthar Mhuine Mheá – Bóthar Pháirc an Tobair – Bóthar an Choláiste – an Fhaiche Mhór • An Pháirc Mhór – Dabhach Uisce – Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar an Choláiste – an Fhaiche Mhór Lár na Cathrach: • Bóthar na hOllscoile – Droichead na mBradán – Sráid Eglinton – an Fhaiche Mhór – Sráid Forster – Bóthar an Choláiste	Measadh lánaí malartacha éagsúla do bhealaí iompair phoiblí mar chuid den fhorbairt dearaidh, ar an mbunús: • Go mbeadh an gréasán molta ag teacht leis na lánaí bus atá ann faoi láthair; agus • Measúnú ar an spás bóthair fisiciúil agus ar an úsáid talún ar féidir bonneagar tosaíochta bus a sholáthar go réalaíoch laistigh díobh, laistigh de shrianta na húsáide talún reatha. Measadh freisin an tionchar a bhainfeadh le húsáid talún a athrú. In iarthar na cathrach, tá bearta tosaíochta bus i bhfeidhm ar lána Bhóthar Shéamais Uí Chuirc – Bhóthar Dáileacháin an Iarthair cheana féin agus, thar aon rud eile, tá spás ar fáil chun lánaí bus a sholáthar amach anseo (feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair) – agus dá bhrí sin is é seo an lána is oiriúnaí – cé go bhféadfadh seirbhísí bus áitiúla bheith ar lánaí bus eile in iarthar na cathrach. In oirthear na cathrach, tá lána bus bunaithe ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus tá bearta suntasacha tosaíochta bus i bhfeidhm cheana féin. Siar ó chroícheantar lár na cathrach, sainaithníodh bealach 'do bhusanna amháin' thar Dhroichead na mBradán mar an bealach is oiriúnaí agus is indéanta chun an comhcheangal riachtanach de thréimhsí turais gearra agus iontaofa trí lár na cathrach a sholáthar. Breithníodh roghanna malartacha freisin mar seo a leanas: • Thar Dhroichead Wolfe Tone – tá an nasc leis an lána bus ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc an-dona; agus • Níor breithníodh Droichead na gCúig Céad mar mhórlána bus do bhealaí gathacha agus traschathrach mar an rogha is oiriúnaí toisc go mbíonn formhór na bpaisinéirí i rith an lae ar fad ag tarraingt ar phríomhchinn scríbe ó dheas den droichead, agus i lár na cathrach, chomh maith le hoirthear na cathrach. I gcás na dturas traschathrach, meastar go bhfuil sé riachtanach go bhfeidhmeodh busanna tríd an gceantar láir le haghaidh acomhail le seirbhísí eile san Fhaiche Mhór agus ag Stáisiúin Cheannt agus Fhaiche an Aonaigh (ach go dtabharfaí tús áite do bhusanna chun luas agus iontaofacht a choinneáil). Taobh thoir de lár na cathrach, sainaithníodh bealach tosaíochta bus a bhunú feadh Bhóthar an Choláiste mar gheall ar éileamh taistil mar an bealach is oiriúnaí agus is indéanta chun a chinntiú gur féidir le busanna agus le cóistí taisteal díreach go dtí Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus go dtí Bóthar Pháirc an Tobair agus uathu. Breithníodh roghanna malartacha freisin mar seo a leanas: • An Bóthar Mór – ní chuirtear nasc díreach ar fáil le Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath/Bóthar Pháirc an Tobair, agus dá bhrí sin tá an-bhaol tranglaim ann ag Móinín na gCiseach a chuirfeadh moill ar thréimhse turais; agus • Bóthar Loch an tSáile – measadh go raibh sé seo níos feiliúnaí mar bhóthar dáileacháin do lár na cathrach toisc go gcuireann sé bealach ar fáil go carrchlóis ó dheas de lár na cathrach (agus go ceantar na ndugaí).
Clúdach ar fud na cathrach/ nascacht le gach cuid den chathair a sholáthar.	D'fhéadfadh sé go mbeadh busanna áitiúla ag teastáil freisin chun an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as clúdach an ghréasáin bus trí chéile agus chun busanna a cheangal le ceantair atá taobh amuigh den phríomhghréasán bus. Soláthróidh busanna áitiúla nascacht agus aistriú freisin go dtí an gréasán bus cathrach agus uaidh. Beidh gá leis an ngréasán áitiúil tánaisteach seo a fhorbairt le himeacht ama (e.g. de réir mar a théann forbairtí chun cinn) agus dá bhrí sin ní gréasán seasta é. De réir mar a mhéadaíonn líon na bpaisinéirí, d'fhéadfaí na bealaí seo a uasghrádú go seirbhísí a bhíonn ar fáil níos minice, nuair is praiticiúil sin a dhéanamh.	
Tréimhsí turais iontaofa a sholáthar.	Dearadh Lánaí Bus agus bearta Tosaíochta Bus ag leibhéal coincheapúil feadh lánaí an ghréasáin bus atá molta mar seo a leanas: • Lána Bhóthar Dáileacháin an Iarthair – Bhóthar Shéamais Uí Chuirc • Lána Bhóthar na Trá / Bhóthar Mhuire / Bhóthar an Chaisleáin Nua; • Lána Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath; • Lána Bhóthar Pháirc an Tobair / Bhóthar Mhuine Mheá; agus • Lána Lár na Cathrach (Bóthar na hOllscoile – Droichead na mBradán – Sráid Eglinton – an Fhaiche Mhór – Sráid Forster – Bóthar an Choláiste).	

Transport for Ireland

5.2 Gréasán Iompair Phoiblí Chathair na Gaillimhe a Fhorbairt

Úsáideadh ailínithe reatha na mbealaí bus mar thúsphointe chun togra gréasán traschathrach a fhorbairt. Bhí an togra sin bunaithe ar na bunáiteanna cónaithe a nascadh le príomhchinn scríbe.

Coigeartaíodh bealaí na mbusanna i roinnt cásanna chun léiriú níos fearr a thabhairt ar na cumaisc idir bunáit agus ceann scríbe a fuarthas ó shonraí POWSCAR 2011, agus dearadh gach bealach chun gur féidir freastal ar acomhail traschathrach ag láithreacha tábhachtacha – go háirithe ag stadanna laistigh de chroílár na cathrach.

Trí bhealaí traschathrach a chur le chéile, bhíothas in ann líon na seirbhísí a laghdú go cúig cinn, agus tá an gréasán níos intuigthe do mhuintir na cathrach agus do chuairteoirí dá bharr. Léirítear na bealaí molta i bhFíor 5.1.

Is iad na bealaí molta:

An Bealach Glas
Cnoc na Cathrach – Lár na Cathrach – Eastát Tionsclaíochta na Páirce Móire (feadh Bhóthar Shéamais Uí Chuirc agus Bhóthar Bhaile Átha Cliath);

An Bealach Dearg
Cnoc na Cathrach – Lár na Cathrach – Eastát Tionsclaíochta na Páirce Móire (trí Bhóthar na Trá agus Eastát Tionsclaíochta Bhaile an Bhriotaigh);

An Bealach Gorm
Bóthar an Chlaí Bháin – Lár na Cathrach – an Caisleán Gearr (feadh Bhóthar an Dochtúra Uí Mhainchín agus trí Thír Oileáin);

An Bealach Buí
An Daingean – Lár na Cathrach – Eastát Tionsclaíochta na Páirce Móire (feadh Ionad Siopadóireachta an Taoibh Thiar agus trí Pháirc an Chaisleáin); agus

An Bealach Donn
Bearna – Lár na Cathrach – Órán Mór (feadh Bhóthar Shéamais Uí Chuirc agus Eastát Tionsclaíochta Pháirc na bhFianna)

P+ Suíomhanna Féideartha Páirceála agus Taistil

C Stáisiún Ceann Aistir Lár na Cathrach

Fíor 5.1 Bealaí Bus Molta



5.2 Gréasán Iompair Phoiblí Chathair na Gaillimhe a Fhorbairt (ar lean)

Freastalóidh gach bealach ar na príomhchinn scríbe, Lár na Cathrach, Ospidéal na hOllscoile agus OÉ Gaillimh, agus nascfar na cinn scríbe thábhachtacha ar fud na cathrach leis an ngréasán iompair phoiblí.

Minicíocht na Seirbhíse
Tá sé riachtanach go mbeadh seirbhísí bus iontaofa a thagann go minic ar an ngréasán nua. Ar cheann de na fadhbanna sa soláthar bus reatha i nGaillimh tá a laghad uaireanta a thagann na seirbhísí ar fud an ghréasáin, agus níl ach bealach amháin (as an 11 bhealach atá ag freastal ar Chathair na Gaillimhe faoi láthair) ag cur níos mó ná ceithre bhus in aghaidh na huaire in aghaidh an treo ar fáil ag buaicuaireanta.

Chun a chinntiú gur rogha iompair áisiúil, sciobtha é an bus i nGaillimh, agus chun a chinntiú freisin go meastar gur gné lárnach den ghréasán bus é an t-acomhal, tá sé riachtanach go gcoinnítear minicíocht agus iontaofacht na seirbhísí bus ar fud an ghréasáin bus, agus ar feadh an lae. Tá sé de sprioc ag an dréachtstraitéis seo go mbeadh bus ag teacht ar na cúig bhealach gach 15 nóiméad (nó níos minice) i rith na mbuaicuaireanta, agus is dócha go dtiocfaidh busanna ar na bealaí dearga agus gorma gach deich nóiméad nó níos minice ar dtús, bunaithe ar an éileamh reatha. Tá sé de chuspóir ag an dréachtstraitéis seo freisin a chinntiú go gcoinnítear ardmhinicíocht bus ar feadh an lae ar fad chun a chinntiú gur rogha inmharthana é an gréasán bus le haghaidh cúiseanna taistil eile, chomh maith le taisteal comaitéireachta i rith buaicuaireanta.

Moltaí Bonneagair
Tá roinnt de na 5 bhealach a mholtar thuas ar phríomhchonairí iompair phoiblí reatha, agus déanann cuid de na seirbhísí bus cathrach reatha freastal orthu cheana féin. Is ar na codanna sin den ghréasán molta, a chuirfear ar bhealach díreach ar phríomhchonairí taistil, a dhíreofar go príomha nuair atá bearta tosaíochta suntasacha bonneagair á gcur i bhfeidhm (trí lánaí bus a sholáthar, caolais bhóthair agus moilleanna a bhaint, agus éifeachtacht agus iontaofacht na seirbhísí ar an ngréasán bus molta a fheabhsú a oiread agus is féidir) ionas go mbeidh an tseirbhís bhus níos mealltaí ná an carr príobháideach. Tá codanna eile den ghréasán bus molta níos srianta ó thaobh dearadh innealtóireachta de toisc nach bhfuil a mbealach chomh díreach céanna agus mar gheall ar shaintréithe an bhealaigh – cuirfear bonneagar tosaíochta ar fáil ar na codanna seo den ghréasán bus molta nuair is féidir.

An Ceantar a bhFreastalaíonn an Gréasán air
Tugadh faoi anailís ar cheantar daonra agus fostaíochta an ghréasáin bus mholta. Cainníochtaíonn an measúnú sin líon na n-ionad réadmhaoine cónaithe agus tráchtála faoi 10 nóiméad siúil den ghréasán bus molta. Cuireann an anailís sin an gréasán reatha bóithre san áireamh, agus ní chuirtear san áireamh ann aon fheabhsuithe molta ar rochtain na gcoisithe ar na bealaí bus, ach tugann sé léiriú maith ar an gcaoi a bhfreastalóidh an gréasán bus nua ar Chathair na Gaillimhe. Leagtar amach ceantar spásúil an Ghréasáin Bus Traschathrach i bhFíor 5.2.

Measadh clúdach spásúil an ghréasáin bus mholta freisin in aghaidh chlúdach reatha na seirbhísí bus i nGaillimh. Chun comparáid dhíreach a éascú, cuireadh na seirbhísí bus reatha le cheile chun na bealaí bóthair ar a mbíonn busanna níos minice ná ceithre huaire in aghaidh na huaire faoi láthair a chinneadh. Tá thart ar 35,000 réadmhaoin sa cheantar staidéir, agus is réadmhaoin chónaithe 90% díobh. Tá sé i gceist a chinntiú go mbeidh oiread agus is féidir de an réadmhaoine sin laistigh de dheich nóiméad siúil de sheirbhís bus. Léirítear i bhFíor 5.3 na céatadáin d'ionaid réadmhaoine atá laistigh de dheich nóiméad siúil ón ngréasán bus reatha agus molta. Tá sé soiléir go gcuirfidh an gréasán traschathrach molta rochtain i bhfad níos fearr ar fáil ar sheirbhís bus ardmhinicíochta, le clúdach os cionn 70% do réadmhaoine cónaithe agus tráchtála. Is ráta maith é sin le hais an tsoláthair bus reatha, nach gcuireann seirbhís ardmhinicíochta ar fáil ach do 43% de na réadmhaoine cónaithe agus do 54% de na réadmhaoine tráchtála.

Fíor 5.2 Ceantar an Ghréasáin Bus Traschathrach



Fíor 5.3 Ceantar faoi dheich nóiméad siúil de na gréasáin bhus ardmhinicíochta reatha agus molta



5.3 Acomhal Iompair Phoiblí Lár na Cathrach

Aithnítear gur féidir úsáid an iompair phoiblí a dhéanamh i bhfad níos mealltaí agus níos áisiúla (ná an carr) trí dheiseanna a sholáthar le haghaidh aistrithe idir seirbhísí, a d'fhéadfadh na roghanna turais a mhéadú go suntasach do thaistealaithe. Is féidir líon na gceann scríbe ar a bhfreastalaítear ar sheirbhís shingil ó cheann go ceann a mhéadú go suntasach ach aistriú éasca go seirbhísí eile a sholáthar.

Léirítear na deiseanna d'acomhal iompair phoiblí i lár na cathrach faoin dréacht-Straitéis Iompair i bhFíor 5.4, agus tugtar achoimre ar na haidhmeanna agus ar na bearta molta i dTábla 5.2.

Fíor 5.4 Acomhal Iompair Phoiblí Lár na Cathrach

Tábla 5.2 Acomhal Iompair Phoiblí Lár na Cathrach

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Dearaidh agus Breithniú ar Roghanna Malartacha
An réimse cinn scríbe ar a bhfreastalaítear a mhéadú oiread is féidir trí acomhal áisiúil a sholáthar idir seirbhísí iompair phoiblí.	Sainaithníodh an Fhaiche Mhór mar an príomh-mhol d'aistriú ó Bhus go Bus – agus d'aistriú Bus/Traenach agus Bus/Cóiste ag Stáisiún Cheannt/Stáisiún Fhaiche an Aonaigh. Lonnófar príomh-mhoil aistrithe bus eile ag: • Ospidéal na hOllscoile; agus • Bóthar na hOllscoile/An Ard-Eaglais.	Feidhm de chuid na mbealaí iompair phoiblí is ea láthair na bpointí acomhail. Díríodh an fhorbairt dearaidh ar an bhFaiche Mhór mar an bhunláthair le haghaidh acomhail – de bharr a bun-bhuntáistí thar láithreacha eile, mar seo a leanas: • Tá sí lonnaithe ar fhormhór na mbealaí bus molta; • Tá sí gar do Stáisiún Cheannt (bus agus traein) agus do Stáisiún Fhaiche an Aonaigh (bus); • Tá sí ag freastal ar phríomhstadanna bus cheana féin; • Is ceantar gnóthach í agus mar sin tá sí sábháilte do phaisinéirí bus agus iad ag fanacht; agus • Tá réadmhaoine miondíola agus caifé/sneaiceanna in aice láimhe a chuireann le taithí an acomhail.
Ticéadú ilmhodhanna a chur i bhfeidhm, a fhreastalaíonn ar aistrithe idir modhanna.	Moltar go bhféadfaí crosticéadú a úsáid ar gach seirbhís ionas gur féidir le paisinéirí aistriú idir bealaí gan táillí breise.	

5.4 Bearta Tacaíochta don Iompar Poiblí Áitiúil

Srianta Tráchta i Lár na Cathrach
Tá sé riachtanach má tá córas iompair phoiblí le reáchtáil i gceart go dtugtar tús áite do bhusanna i lár na cathrach. Áirítear leis na bearta bainistíochta tráchta chun é sin a bhaint amach:

- Srianta ar shruth ginearálta an tráchta ar Bhóthar na hOllscoile, ar Bhóthar an Choláiste, ar Shráid Forster, ar Shráid Eglinton, ar Shráid Gheata Liam, ar Chnoc na Radharc, ar Phlás Victoria, agus timpeall ar an bhFaiche Mhór;
- Coisithe agus busanna a scaradh óna chéile ar Dhroichead na mBradán trí dhroichead nua do choisithe a chur díreach in aice leis an droichead reatha; agus
- Droichead na mBradán a ainmniú mar dhroichead d'iompar poiblí amháin.

Flít agus Stadanna Bus
Mar chuid den fhoráil a bhaineann le caighdeán seirbhíse an iompair phoiblí sa dréachtstraitéis seo, beartaítear:

- An flít bus cathrach reatha a uasghrádú ó thaobh compoird de (suíocháin, feithiclí le WiFi, etc.);
- Feithiclí a sholáthar atá feiliúnach do dhaoine maol-luaineachta, lena n-áirítear rochtain do chathaoireacha rotha agus soláthar spáis;
- Saoráidí scáthlán bus d'ardchaighdeán a sholáthar, lena n-áirítear suíocháin, painéil faisnéise, taispeántais faisnéis fíor-ama, le stad bus caighdeánaithe ar stíl cuaille agus páirceáil shlán rothar nuair is cuí;
- An spás idir stadanna ar fud an ghréasáin a athbhreithniú agus a chuíchóiriú; agus
- An tUathchóras Aimsithe Feithiclí atá ag an bhflít busanna agus córas Rialaithe Tráchta Uirbigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chomhtháthú ionas gur féidir leis an gcóras Rialaithe Tráchta Uirbigh oiriúnaitheach tosaíocht busanna ag acomhail le soilse tráchta a chumasú /a fheabhsú.

Ticéadú agus Íocaíocht
Moltar:
- Struchtúr simplithe íocaíochta a thabhairt isteach, a chuimseoidh táillí malartacha do thurais ghathacha go lár na cathrach amháin agus do thurais traschathrach;
- Córas íocaíochta gan airgead tirim atá éasca le húsáid a thabhairt isteach de réir a chéile, tríd an gcárta Leap agus ticéadú lasmuigh den bhus;
- Cineálacha eile íocaíochta gan teagmháil a imscrúdú sna blianta amach romhainn;
- Comhtháthú féideartha amach anseo le córais ag freagairt don éileamh iompair a imscrúdú, lena n-áirítear Soghluaisteacht mar Sheirbhís – a chiallaíonn go bunúsach gur féidir dul ag taisteal ar mhodhanna difriúla ach nach dteastaíonn ach feidhmchlár aonair soghluaisteachta le haghaidh faisnéis turais agus íocaíochta.

Margaíocht agus Brandáil
Beartaítear 'branda' amháin a chur i bhfeidhm ar an iompar poiblí áitiúil ar fad i nGaillimh (le gach eagraíocht iompair); déanfar sin le lógónna, le léarscáileanna, le ticéadú, le tráthchláir agus le comharthaí.

Áireofar brandáil i dtionscnaimh Bainistíochta Soghluaisteachta freisin i saoráidí móra fostaíochta/oideachais agus i bPleananna Iompair Scoile.

Rochtain de Shiúl na gCos ar Stadanna Iompair Phoiblí
Tá sé riachtanach gur féidir le paisinéirí siúl go díreach go stadanna ar an ngréasán iompair phoiblí, agus moltar bearta mar seo a leanas:
- Thart ar an gcathair, moltar tabhairt faoi chlár leanúnach feabhsuithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna forleathana tréscaoilteachta agus scartha, ag féachaint leis an gceantar siúil go dtí na stadanna ar an ngréasán bus a mhéadú oiread agus is féidir; agus
- Feabhsuithe eile feadh nasc agus ag acomhail a fhéachfaidh le saoráidí a fheabhsú do choisithe, go háirithe dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí gluaiseachta acu.

Seirbhísí Tacsaithe agus Seirbhísí ag Freagairt don Éileamh
Beidh an príomhionad tacsaithe lárnach ar an bhFaiche Mhór go fóill. Sainaithneofar láithreacha soir agus siar ó lár na cathrach freisin ionas gur féidir le tacsaithe taisteal díreach go ceantair ar imeall na cathrach agus isteach arís uathu gan dul trí lár na cathrach.

Aithnítear go n-athróidh seirbhísí tacsaithe de réir a chéile go hiompar ag freagairt don éileamh agus iompar Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe (SICRU) le faisnéis agus íocaíocht trí theicneolaíocht gairis SICRU.

6.1 Gréasán Busanna agus Cóistí Réigiúnach/Idirchathrach/Comaitéireachta

Beidh na príomhchinn scríbe laistigh den chathair do sheirbhísí bus réigiúnacha agus náisiúnta ar an bhFaiche Mhór, ag Stáisiún Cheannt agus ag Stáisiún Bus Fhaiche an Aonaigh. Tá saoráidí páirceála cóistí ar Bhóthar na gCeannaithe agus ag Ard-Eaglais na Gaillimhe freisin.

Bainfidh seirbhísí réigiúnacha a thaistealaíonn chuig Cathair na Gaillimhe agus uaithi leas den chuid is mó as na tograí do bhonneagar an ghréasáin bus laistigh den chathair, i dteannta tograí eile lasmuigh den chathair, lena n-áirítear, mar shampla scéim lána bus Bhóthar Thuama atá á forbairt faoi láthair.

Mar chuid den togra do Nasc Traschathrach, rachaidh na srianta molta tráchta ar Bhóthar an Choláiste chun tairbhe na seirbhísí aneas, anoir agus anoir aduaidh go mór; meastar go n-úsáidfear Bóthar an Choláiste mar an príomhbhealach chuig an gCathair agus uaithi do na seirbhísí sin. Soláthraíonn Bóthar an Choláiste bealach caol díreach chuig Stáisiún Bus Fhaiche an Aonaigh, agus go Stáisiún Cheannt, tríd an bhFaiche Mhór. I gcás na seirbhísí aniar agus aniar aduaidh, soláthróidh na bearta bonneagair molta in iarthar na cathrach, agus na srianta molta ar Bhóthar na hOllscoile agus ar Dhroichead na mBradán nascacht d'ardchaighdeán go dtí lár na cathrach agus uaithi.

Tugtar achoimre ar aidhmeanna agus ar bhearta molta an Iompair Phoiblí Réigiúnaigh i dTábla 6.1.

Tábla 6.1 Iompar Poiblí Réigiúnach

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Dearaidh agus Breithniú ar Roghanna Malartacha
Ba cheart go mbeadh tréimhsí turais iontaofa ag cóistí/busanna sa chathair.	Tá lánaí bus a mholtar do sheirbhísí bus cathrach feiliúnach freisin go hiondúil do bhusanna agus do chóistí a thaistealaíonn chuig an gcathair ó áiteanna eile.	Díríodh an fhorbairt dearaidh ar bhainistíocht tráchta lár na cathrach agus ar bhearta tosaíochta do bhusanna áitiúla – go háirithe i lár na cathrach. Meastar go dtagann na bearta sin leis na haidhmeanna le haghaidh seirbhísí cóiste éifeachtúla agus iontaofa.
Rochtain mhaith ar stáisiúin ceann aistir bus/cóiste i lár na cathrach agus uathu.	Cinnteoidh an bhainistíocht tráchta mholta do lár na cathrach, le tréthrácht laghdaithe agus bealaí dáileacháin áitiúil go bhfuil cóistí in ann dul chomh fada le stáisiúin ceann aistir gan mórán tranglaim.	
Acomhal idir iompar poiblí réigiúnach agus áitiúil.	Soláthróidh gréasán bus cathrach d'ardchaighdeán deiseanna acomhail do thaistealaithe ar bhusanna réigiúnacha – ionas gur féidir le paisinéirí athrú go modhanna eile ag líon cuíchóirithe mol lasmuigh de lár na cathrach.	

6.2 Iarnród

Beidh Stáisiún Cheannt fós mar an stáisiún ceann aistir do sheirbhísí iarnróid go Cathair na Gaillimhe. Feabhsóidh oibreacha athfhorbartha i gCeathrú Cheannt agus feabhsuithe ar an bhFaiche Mhór agus ar Fhaiche an Aonaigh mar chuid de na tograí le haghaidh Nasc Traschathrach taithí na bpaisinéirí a thaistealaíonn ar an iarnród. Beidh an Garrán fós mar an stáisiún ceann aistir d'Órán Mór. Ina theannta sin, cuirfidh an timpeallacht fheabhsaithe atá molta do choisithe agus do rothaithe i lár na cathrach le turais iarnróid a bheith níos tarraingtí.

Tugtar achoimre ar aidhmeanna agus ar bhearta molta na seirbhíse iarnróid i dTábla 6.2.

Table 6.2 Rail

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Dearaidh agus Breithniú ar Roghanna Malartacha
Minicíocht na seirbhísí iarnróid a mhéadú.	Méadófar minicíocht na seirbhísí iarnróid, faoi réir dóthain éilimh agus úsáide i measc paisinéirí.	Soláthróidh athfhorbairt Stáisiún Cheannt deis sa todhchaí chun acomhal idir an t-iarnród agus an t-iompar poiblí áitiúil a fheabhsú.
Acomhal idir iompar poiblí réigiúnach agus áitiúil.	Beidh Stáisiún Cheannt fós mar an stáisiún ceann aistir do sheirbhísí iarnróid go Cathair na Gaillimhe, agus faoi réir uasghráduithe móra ag an stáisiún, feabhsófar an tairiscint do phaisinéirí go mór. Ina theannta sin, faoi réir oibreacha athfhorbartha sa chomharsanacht i gCeathrú Cheannt, déanfar an chuid sin de lár na cathrach a athbheochan, agus cuirfidh sé sin leis an bhFaiche Mhór agus le Faiche an Aonaigh mar mhol comhchoiteann le haghaidh acomhail idir seirbhísí i Lár na Cathrach i nGaillimh.	

6.3 Páirceáil agus Taisteal

Bíonn go leor taistil i nGaillimh a bhfuil taobh amháin den turas taobh amuigh den chathair. Beidh soláthar láithreacha Páirceála agus Taistil ag bealaí éagsúla isteach chuig an gcathair tábhachtach, agus má fhreastalaítear orthu sin le 'gnáthsheirbhísí' bus sceidealaithe, beidh siad chomh hinmharthana ó thaobh na tráchtála de agus is féidir, agus cuirfear réimse níos leithne cinn scríbe ar fáil toisc go mbeidh paisinéirí in ann athrú ó bhealach go bealach ar an ngréasán bus molta.

Cuirfidh sé sin roghanna malartacha ar fáil in áit an chairr phríobháidigh dóibh siúd atá ag teacht chun na cathrach ón gcontae agus ón réigiún níos leithne, agus laghdófar sruth an tráchta chuig an gcathair agus uaithi dá bharr.

Sainaithníodh láithreacha féideartha Páirceála agus Taistil mar chuid d'fhorbairt an ghréasáin bus atá molta. Beartaítear go bhfásfaidh toilleadh na láithreacha Páirceála agus Taistil sin go nádúrtha de réir mar a fhásann an t-éileamh orthu.

Tugtar achoimre ar aidhmeanna agus ar bhearta molta Páirceála agus Taistil mar chuid den Phlean Iompair i dTábla 6.3.

Tábla 6.3 Páirceáil agus Taisteal

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Dearaidh agus Breithniú ar Roghanna Malartacha
Na cinn scríbe ar féidir dul chomh fada leo ó sheirbhísí Páirceála agus Taistil a mhéadú oiread agus is féidir.	Moltar Páirceáil agus Taisteal a bhunú ar an ngréasán iompair phoiblí ardmhinicíochta ar fud na cathrach – ionas gur féidir dul chomh fada le réimse cinn scríbe.	Moltar láithreacha féideartha Páirceála agus Taistil ar an M6, ar an N17 agus siar ón gcathair. Beidh gá leis na láithreacha a imscrúdú go mion agus le seirbhísí bus gaolmhara a phleanáil (mar chuid de na seirbhísí bus cathrach).
A chinntiú go bhfuil Páirceáil agus Taisteal inmharthana ó thaobh an chostais de.	Má bhunaítear Páirceáil agus Taisteal ar an ngréasán iompair phoiblí ar fud na cathrach, méadófar inmharthanacht tráchtála na seirbhísí Páirceála agus Taistil oiread agus is féidir. Beartaítear go gcomhtháthófar an costas Páirceála agus Taistil i dtáille fhoriomlán an turais iompair phoiblí do phaisinéirí.	

6.4 Bainistíocht Páirceála na gCóistí Turasóireachta

Beidh gá le láithreacha feiliúnacha tuirlingthe/bailithe a sholáthar do chóistí turasóireachta i lár na cathrach, agus spásanna idirstad a sholáthar i láithreacha bainistithe taobh amuigh de chroílár na cathrach. Is féidir bealaí na cóistí a phleanáil ionas go mbaintear úsáid as lánaí bus tosaíochta nuair is cuí.

Tugtar achoimre ar aidhmeanna agus ar bhearta molta Bhainistíocht Páirceála na gCóistí Turasóireachta i dTábla 6.4.

Tábla 6.4 Bainistíocht Páirceála na gCóistí Turasóireachta

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Dearaidh agus Breithniú ar Roghanna Malartacha
Láithreacha feiliúnacha tuirlingthe/bailithe; Tuirlingt/bailiú cóistí faoi smacht i gcroílár na cathrach; Limistéir páirceála bhainistithe idirstad do chóistí a sholáthar taobh amuigh de chroílár na cathrach.	Sainaithníodh láithreacha féideartha chun deireadh a chur le hidirstad i bhfíorlár na cathrach: Ard-Eaglais na Gaillimhe; Cuan na Gaillimhe; agus Bóthar na gCeannaithe.	Beidh gá le himscrúdú mion ar láithreacha féideartha tuirlingthe/bailithe agus ar bhealaí rochtana ainmnithe lena mbaineann i lár na cathrach (e.g. lána tosaíochta bus an Naisc Traschathrach a úsáid).

7.1 Rothaíocht

D'fhonn Cuspóirí Straitéiseacha na dréacht-Straitéise Iompair a chomhlíonadh, tá sé de sprioc fhoriomlán ag an ngréasán molta rothaíochta timpeallacht shábháilte chompordach a sholáthar do rothaithe sa chathair agus sna ceantair máguaird, a thacóidh dá réir le méadú ar líon na rothaithe agus aistriú córa iompair níos mó a spreagadh ón gcarr príobháideach go rothaíocht.

Mar cheantar atá réasúnta cothrom agus ina bhfuil lár cathrach dlúth, feileann an rothaíocht mar mhodh iompair go maith do Ghaillimh. Ach tá na saoráidí rothaíochta reatha sa chathair agus sna ceantair máguaird srianta agus neamhleanúnach. Beartaítear go méadófar soláthar saoráidí rothaíochta tiomanta d'ardchaighdeán oiread agus is féidir agus go bhfeabhsófar bearta a thugann tús áite do rothaithe mar gheall ar an ngréasán rothaíochta a mholtar sa dréacht-Straitéis Iompair seo, a spreagfaidh úsáid na rothaíochta mar ghníomhaíocht comaitéireachta agus áineasa sa chathair agus sna ceantair máguaird.

Tógadh na tograí do ghréasán rothaíochta ar na himscrúduithe a rinneadh i staidéir roimhe seo mar a dtugtar breac-chuntas orthu i gCuid 2. Nuair is féidir, tá na bealaí molta go hiomlán scartha ón mbóthar agus tá bacainn fhisiciúil idir na rothaithe agus an trácht mótair. I gcásanna eile, tá lánaí rothaíochta ar an mbóthar agus/nó lánaí bus leathana sa ghréasán chun freastal ar bhusanna agus ar rothaithe ar an mbealach céanna.

Ina theannta sin, beartaítear go gcuirfidh bearta molta bainistíochta tráchta srian ar chuid den chathair d'fheithiclí mótair príobháideacha, a fheabhsóidh dá réir an timpeallacht do rothaithe, do choisithe agus d'fheithiclí iompair phoiblí.

Forbraíodh an plean rothaíochta foriomlán ar bhunús trí leibhéal gréasáin a thacaíonn lena chéile agus a threisíonn naisc ar fud an cheantair staidéir. Rangaítear na gréasáin sin mar 'phríomhbhealaí', mar 'bhealaí tánaisteacha' agus mar 'bhealaí friothálacha', a léiríonn feidhm agus sainghné inmhianta an bhealaigh rothaíochta.

Mar cheantar atá réasúnta cothrom agus ina bhfuil lár cathrach dlúth, feileann an rothaíocht mar mhodh iompair go maith do Ghaillimh.



D'fhonn creat a sholáthar chun bearta a fhorbairt, leagadh amach sraith aidhmeanna agus bearta molta don rothaíocht, mar a achoimrítear i dTábla 7.1, a sholáthraíonn an bunús chun pleananna sonracha a fhorbairt le haghaidh tograí bonneagair. Cuirtear an gréasán rothaíochta molta ata mar thoradh air sin sa dréacht-Straitéis Iompair seo i láthair i bhFíor 7.1.

Tábla 7.1 Bearta Dearaidh Bonneagair an Ghréasáin Rothaíochta

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Dearaidh agus Breithniú ar Roghanna Malartacha
'Príomh-mhórghréasán' rothaíochta a sholáthar a sholáthróidh bealach áisiúil, sábháilte do thurais chomaitéireachta / áineasa ghathacha de mheánfhad.	Tá dhá Fhéarbhealach ar an bpríomhghréasán, rud a chuireann nascacht ar fáil do rothaithe ó bhailte agus sráidbhailte in aice láimhe; ceann feadh bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe ó Chathair na Gaillimhe go dtí Uachtar Ard, trí Mhaigh Cuilinn; agus ceann feadh an chósta ón Spidéal go dtí Órán Mór, ag gabháil trí Chathair na Gaillimhe. Leanfaidh an dara féarbhealach sin ar aghaidh soir, ag ceangal le rotharbhealach Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe. Mar chuid den ghréasán Féarbhealaigh, beartaítear tabhairt faoi imscrúduithe chun an fhéidearthacht a bhaineann leis an bhFaiche Mhór a nascadh leis an Rinn Mhór tríd an droichead iarnróid reatha thar Loch an tSáile nó trí thailte i gCalafort na Gaillimhe a chinneadh, mar rogha eile seachas bealach ó thuaidh de Loch an tSáile. Áirítear le príomhbhealaí breise eile bealach traschathrach ó thuaidh den chathair, ag tógáil ar shaoráidí reatha, agus bealach trí lár na cathrach, chomh maith le roinnt príomhnasc ó thuaidh agus ó dheas. Go ginearálta, bíonn príomhbhealaí scartha ón mbóthar, ina gcosán do rothaithe amháin nach bhfuil ar an mbóthar, nó ina lánaí rothaíochta tiomanta taobh le bóithre nua nó reatha. Nuair is féidir, scairtear na bealaí sin ón trácht le colbhaí nó le marcálacha imill.	Measadh lánaí malartacha éagsúla do bhealaí rothaíochta mar chuid den fhorbairt dearaidh, ar an mbunús: • An príomhghréasán a thabhairt leis na tograí reatha Féarbhealaigh agus le ceantair ina bhfuil ardéileamh; agus • Measúnú ar an spás bóthair fisiciúil ar féidir bonneagar rothaíochta a sholáthar air go réalaíoch laistigh de shrianta na húsáide talún reatha. Ullmhaíodh dearaí coincheapúla feadh naisc shamplacha agus ag acomhail agus ag caolais bhóthair chun a sheiceáil an féidir na gréasáin mholta a sholáthar i ndáiríre. Áiríodh uasghráduithe acomhail a shainaithint (ag leibhéal coincheapúil) le dearadh an ghréasáin rothaíochta freisin ag láithreacha éagsúla ar fud na cathrach, go háirithe na soilse tráchta ag roinnt acomhail mhóra timpealláin. Feabhsóidh sé sin sábháilteacht na rothaithe ag na hacomhail sin, ag soláthar saoráidí trasnaithe le soilse tráchta agus acomhail shimplithe do na rothaithe.
Gréasán rothaíochta tánaisteach a sholáthar a sholáthróidh gréasán eangaí inaitheanta do thurais áitiúla, agus a nascfar leis an bpríomhghréasán le haghaidh turais níos faide.	Soláthraíonn an gréasán tánaisteach naisc ó cheantair chónaithe agus fostaíochta chuig an bpríomhghréasán agus chuig príomhchinn scríbe. Is cumaisc iad na naisc thánaisteacha de chosáin rothaíochta amach ón mbóthar, lánaí rothaíochta taobh le bóithre reatha, lánaí roinnte bus agus rothaíochta, agus bóithre faoi cheansú tráchta. Bíonn siad díreach in aice le príomhbhealaí go minic, ag soláthar nasc malartach. I dteannta an ghréasáin sin, sainaithníodh naisc fhriothálacha ar shráideanna agus ar bhóithre atá an-srianta nó a fheileann níos fearr do mhodhanna eile, ach ina gcaithfear freastal ar rothaithe freisin. Is bealaí comhairleacha atá báúil do rothaíocht iad seo go hiondúil ina mbíonn rothaithe agus tiománaithe in ann a bheith i dteannta a chéile go sábháilte mar gheall ar bhearta bainistíochta agus ceansaithe tráchta.	
Roghanna chun rothaíocht i lár na cathrach agus tríd a mhéadú.	Bainfear tréthrácht ó chroílár na cathrach. Laghdóidh sé sin an méid tráchta ar na bóithre sin, a chruthóidh timpeallacht roinnte inar féidir le rothaithe an gréasán sráide reatha a úsáid go sábháilte. Beidh cead ag rothaithe Droichead na mBradán a úsáid, atá le hainmniú mar bhealach d'iompar poiblí amháin mar chuid den Nasc Traschathrach.	

Fíor 7.1 Gréasán Rothaíochta Molta



7.2 Bearta Tacaíochta don Rothaíocht

Scéim Roinnte na Rothar
Seoladh Scéim Roinnte Rothar Coca-Cola Zero i nGaillimh in 2014. Tá 15 fhruilstáisiún i gCathair na Gaillimhe faoi láthair. Tá naoi stáisiún eile pleanáilte, agus d'fhéadfaí tuilleadh a chur ar fáil ag brath ar an éileamh. Meastar go spreagfaidh forbairt na saoráidí rothaíochta mar a dtugtar breac-chuntas uirthi thuas líon níos mó rothaithe, ar rothair phríobháideacha agus ar rothair roinnte.

Páirceáil Rothar
Soláthrófar páirceáil rothar agus/nó uasghrádófar í in aice le stadanna bus agus le príomhchinn scríbe ar nós lár na cathrach, na stáisiún iarnróid agus bus, scoileanna agus coláistí, na n-ospidéal, ceantair siopadóireachta agus ionaid mhóra oibre eile.

Tréscaoilteacht agus Fios an Bhealaigh
Srian mór do rothaithe agus do choisithe i nGaillimh is ea an tréscaoilteacht. Feabhsófar naisc idir ceantair chónaithe agus/nó ionaid oibre ionas gur féidir le modhanna gníomhacha iad a úsáid, a sholáthróidh bealaí níos dírí. Chomh maith leis sin, beartaítear clár comharthaíochta do bhealaí rothaíochta i dteannta fhorbairt an ghréasáin rothaíochta.

Mar chathair léinn ina bhfuil lár cathrach dlúth atá an-fheiliúnach le siúl ann, tá sciar ard de réir modh iompair ag an siúl i nGaillimh, thart ar 23%

7.3 Siúl

Tá féidearthacht shuntasach i nGaillimh chun an timpeallacht coisithe reatha a fhorbairt do phobal cónaithe agus tráchtála na cathrach, don lucht siopadóireachta agus don líon suntasach turasóirí a thugann cuairt ar an gcathair ó cheann ceann na bliana.

Mar chathair léinn ina bhfuil lár cathrach dlúth atá an-fheiliúnach le siúl ann, tá sciar ard de réir modh iompair ag an siúl i nGaillimh, thart ar 23%, a sholáthraíonn bunús láidir ónar féidir cultúr siúil feiceálach agus inbhuanaithe a cothú.

Aithnítear na tairbhí a bhaineann le tús áite a thabhairt do choisithe i lár na cathrach le fada an lá, agus is sócmhainn mhór don gheilleagar áitiúil é an ceantar do choisithe amháin ó Shráid Liam, síos Sráid na Siopaí, an tSráid Ard agus Sráid na Céibhe. Níos faide amach, is sainghnéithe tábhachtacha eile do choisithe iad na bealaí siúil cois canála agus an promanáid i mBóthar na Trá, chomh maith leis na bealaí áineasa feadh shócmhainní nádúrtha Loch an tSáile agus Abhainn na Gaillimhe.

Cé go bhfuil formhór mór an ghréasáin coisithe sa chathair agus sna bruachbhailte ar chaighdeán maith go leor, tá an tairiscint do choisithe srianta i roinnt ceantar; is fadhbanna coitianta iad cosáin faoi bhun an chaighdeáin inmhianta, easpa saoráidí chun an bóthar a thrasnú, agus tosaíocht íseal in ordlathas na n-úsáideoirí bóthair. Cuireann na fadhbanna sin isteach ar choisithe, go háirithe orthu siúd a bhfuil deacrachtaí gluaiseachta acu. Léiríodh i dtaighde a rinneadh le blianta beaga anuas go laghdaíonn comhréir na dturas siúil go suntasach de réir mar a mhéadaíonn an fad ó lár na cathrach. Cuireann an líon srianta áiteanna le hAbhainn na Gaillimhe a thrasnú i lár na cathrach isteach ar an siúl freisin, go háirithe mar gheall ar dhrochshaoráidí do choisithe agus ar shruth trom an tráchta ar na droichid.
Laistigh de chroílár na cathrach, díreofar go leanúnach ar an ngréasán coisithe a fheabhsú agus ar thús áite a thabhairt dó chun gluaiseacht idir áiteanna a spreagadh agus chun freastal uirthi, agus chun freastal ar dhaoine maol-luaineachta. Má ghlactar le straitéis chomhtháite a bhaineann líon suntasach iompar mótair ó chroílár na cathrach, cruthófar an spás chun é sin a bhaint amach, a threiseoidh an coincheap gur 'cathair siúil' í Gaillimh.

Féachfar leis an tionscnamh do Nasc Traschathrach a dtugtar breac-chuntas air i gCuid 4 den tuarascáil seo leis an gcoisí a threisiú mar cheann an ordlathais modhanna agus a bheith mar bhonn agus mar thaca do mhórathrú pleanáilte lár na cathrach. Lasmuigh de lár na cathrach, leagfar béim ar thréscaoilteacht a mhéadú i gceantair chónaithe sna bruachbhailte, ar ghréasáin coisithe a fheabhsú agus a uasghrádú, ar shábháilteacht coisithe a mhéadú agus ar rochtain coisithe ar an ngréasán iompair phoiblí a mhéadú oiread agus is féidir. Leagtar béim faoi leith freisin ar nascacht agus ar thréscaoilteacht a fheabhsú laistigh de na suíomhanna tionsclaíochta, agus chucu, atá soir ón gcathair, lena n-áirítear chuig Páirceanna Tionsclaíochta Bhaile an Bhriotaigh agus na Páirce Móire agus eatarthu.

D'fhonn creat a sholáthar chun bearta a fhorbairt, leagadh amach sraith aidhmeanna agus bearta molta don siúl a sholáthraíonn bunús chun pleananna sonracha a fhorbairt le haghaidh tograí bonneagair. Tugtar achoimre orthu sin i dTábla 7.2.

Tábla 7.2 Dearadh an Ghréasáin Siúil

Aidhmeanna Straitéiseacha	Bearta Molta	Forbairt Dearaidh agus Breithniú ar Roghanna Malartacha
Feabhsuithe a sholáthar do choisithe feadh lánaí iompair phoiblí lár na cathrach.	Bealach trasnaithe nua do choisithe a sholáthar trasna na habhann ag Ard-Eaglais na Gaillimhe, in aice le Droichead na mBradán; Clár feabhsuithe fhearann poiblí lár na cathrach a bhunú agus a chur i bhfeidhm (comharthaíocht, ábhair dromchla agus soilse), lena n-áirítear scéimeanna coisithe, chun timpeallacht chompordach agus dea-nasctha siúil a chruthú.	Breithníodh san fhorbairt dearaidh: • Gluaiseachtaí tosaíochta do choisithe agus ceantair ina bhfuil príomh-mhianlínte; • Pointí coimhlinte idir modhanna agus lánaí feiliúnacha a roghnú chun freastal ar gach modh (i.e. tús áite a thabhairt do chosáin, do lánaí rothaíochta agus/nó do lánaí bus i láithreacha áirithe); • Anailís ar bhearnaí sa ghréasán coisithe reatha; • Réimsí imní maidir le sábháilteacht coisithe a shainaithint; • Tograí uasghrádaithe acomhal, ag cuimsiú saoráidí trasnaithe coisithe; agus • Tréscaoilteacht agus rochtain coisithe chuig ceantair chónaithe agus fostaíochta. Ullmhaíodh dearaí coincheapúla feadh limistéir bóithre shamplacha agus ag príomh-acomhail chun léiriú a thabhairt ar leaganacha amach féideartha agus ar indéantacht na n-uasghráduithe molta nó oibreacha eile.
An tús áite a thugtar do choisithe thar thrácht bóthair a mhéadú.	Sainghné chroílár na cathrach a athrú ó bhun, le béim shoiléir ar choisithe trí cheantair leathnaithe do choisithe amháin, trí bhainistíocht tráchta, tríd an am a bhíonn coisithe ag fanacht ag saoráidí trasnaithe a laghdú, trí thréthrácht a bhaint, trí shrian a chur ar an méid páirceála a bhíonn ar fáil ar an tsráid agus trí leaganacha amach athbhreithnithe bóithre agus acomhal; An tairiscint do choisithe a fheabhsú trí na príomh-acomhail timpealláin a uasghrádú ionas go mbeidh soilse tráchta orthu, agus saoráidí agus tús áite tiomanta a sholáthar do choisithe.	
Inléiteacht agus fios an bhealaigh a mhéadú.	Gréasán coisithe sábháilte, inléite a shainiú i lár na cathrach, ag soláthar éascaíocht soghluaisteachta do gach úsáideoir, lena n-áirítear daoine a bhfuil lagú soghluaisteachta, radhairc agus éisteachta orthu, agus iad siúd a úsáideann bugaithe agus naíchóistí; Straitéis Faisnéise Cliste agus Fhios an Bhealaigh Comhtháite a chur i bhfeidhm do lár na cathrach le haghaidh gach modh, coisithe ina measc. Áireofar leis sin comharthaíocht fhios an bhealaigh ar fud na cathrach agus soláthar faisnéise faoi ghréasáin siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí, a rachaidh chun tairbhe do mhuintir na cathrach agus do chuairteoirí araon.	
Caighdeán, compord agus sábháilteacht na saoráidí coisithe a mhéadú.	Tabharfar faoi chlár struchtúrtha, tosaíochta le haghaidh feabhsuithe ar fud an ghréasáin coisithe, lena n-áirítear saoráidí nua cosáin a sholáthar, saoráidí reatha a leathnú, saoráidí trasnaithe nua agus feabhsaithe a sholáthar, tranglam sráide a bhaint, glacadh le leaganacha amach acomhail chun fad trasnaithe a laghdú oiread agus is féidir agus luas feithiclí a laghdú, agus clár feabhsuithe ar thréscaoilteacht coisithe trí cheantair chónaithe chun timpeallachtaí slán sábháilte a chruthú a spreagfaidh agus a chothóidh cultúr láidir siúil.	

7.4 Bearta Tosaíochta don Siúl

Cinnteoidh an dréacht-Straitéis Iompair seo go gcuirtear riachtanais coisithe, lena n-áirítear daoine maol-luaineachta agus daoine faoi mhíchumas, san áireamh go hiomlán nuair atá saoráidí nua á ndearadh agus saoráidí reatha a n-uasghrádú. Áireofar leis sin:

- Athbhreithniú ar leagan amach acomhail bóthair, nuair is cuí, chun áit trasnaithe thiomanta do choisithe a sholáthar, chun fad trasnaithe coisithe a laghdú, chun bealaí coisithe níos dírí a sholáthar agus chun luas an tráchta atá ag casadh a laghdú;
- Timpeallachtaí coisithe tréscaoilteacha a chruthú i gceantair chónaithe, atá feiliúnach don siúl, agus rochtain ar an ngréasán bus molta a mhéadú oiread agus is féidir.
- I gcomhar leis an nGarda Síochána measfaidh na hÚdaráis Áitiúla tabhairt isteach teorainneacha luais níos ísle i gcroílár na cathrach agus ar shráideanna cónaithe, agus féachfaidh siad lena dtabhairt isteach nuair is cuí;
- Comhoibriú leis an nGarda Síochána maidir le cur i bhfeidhm an dlí i ndáil le páirceáil ar chosáin;
- Tranglam sráide nach dteastaíonn a bhaint chun gluaiseacht tríd na sráideanna agus trí ‘áiteanna’ a éascú; agus
- Siúl Áineasa: Tabhairt isteach ghréasán an fhéarbhealaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear Féarbhealach Órán Mór-Lár na Cathrach-Bhearna agus an síneadh le Féarbhealach an Daingin go hUachtar Ard trí Mhaigh Cuilinn;

Srian mór do rothaithe agus do choisithe i nGaillimh is ea an tréscaoilteacht. Feabhsófar naisc idir ceantair chónaithe agus ionaid oibre go leanúnach mar chuid de chlár forfheidhmithe tosaíochta struchtúrtha a bheidh bunaithe ar na prionsabail thuas.

Cinnteoidh an dréacht-Straitéis Iompair seo go gcuirtear riachtanais coisithe, daoine maol-luaineachta agus daoine faoi mhíchumas san áireamh go hiomlán nuair atá saoráidí nua á ndearadh agus saoráidí reatha a n-uasghrádú.

7.5 An Fearann Poiblí

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do Straitéis Réimse Phoiblí a eisiúint in 2016.

Is saintréith thábhachtach é caighdeán na timpeallachta coisithe a imríonn tionchar ar chónaitheoirí, ar chomaitéirí, ar thurasóirí agus ar lucht siopadóireachta nuair atá a gceann scríbe agus a bpríomh-mhodh taistil á roghnú acu. Dá bhrí sin, caithfear athdháileadh spás bóthair go hiompar poiblí i lár na cathrach a dhéanamh i dteannta feabhas gaolmhar ar an bhfearann poiblí. Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar roinnt bearta sonracha atá le cur i bhfeidhm chun tacú le Gaillimh mar 'chathair siúil' agus chun an fearann poiblí i lár na cathrach a fheabhsú. Treiseoidh sé sin dá réir sin an iarracht reatha go n-ainmneofar Cathair na Gaillimhe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa in 2020.

Nasc Traschathrach
Beartaítear go bhfeabhsóidh tionscnamh an Naisc Traschathrach an t-iompar poiblí, an siúl agus an rothaíocht i gcroílár na cathrach go suntasach. Áirítear sa togra don Nasc Traschathrach na gnéithe seo a leanas a chuireann le feabhsuithe ar an bhfearann poiblí:

Tús Áite do Bhusanna
Beidh an bealach faoi réir srianta tráchta ar nós nach mbeidh cead ach ag busanna a bheag nó a mhór dul ar chuid den bhóthar, le laghdú dá réir sin ar an sruth tráchta – ach go mbeidh cead le fáil do rochtain áitiúil agus do sheachadadh.

Trácht Ginearálta
Cuirfear bac ar thrácht ginearálta ar an lána ó Dhroichead na mBradán go oirthuaisceart Shráid Forster. Beartaítear limistéar tosaíochta bus eile ar Bhóthar an Choláiste ionas nach mbeidh an trácht ginearálta in ann dul isteach go lár na cathrach ná teacht amach as trí Bhóthar an Choláiste, agus Bóthar Loch an tSáile á ainmniú mar an príomhbhealach rochtana don trácht ginearálta.

Seachadadh agus Rochtain Áitiúil
Beidh cead ag feithiclí áirithe taisteal ar bhealach an Naisc Traschathrach chun críocha seachadadh agus gnó. Cuirfear córas bainistíochta i bhfeidhm maidir le ceadanna, le hamanna seachadta agus le láithreacha rochtana. Beidh rochtain ag gnóthaí áitiúla agus ag cónaitheoirí ar a réadmhaoin.

Inléiteacht agus Nascacht
Sainmhíneoidh an Nasc Traschathrach conair shoiléir inléite. Nascfaidh sé áiteanna ina mbíonn líon ard coisithe agus gluaiseachta faoi láthair i lár na cathrach. Cuimseoidh sé campas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ospidéal na hOllscoile, thar an Ard-Eaglais agus thar Theach na Cúirte, tríd an bhFaiche Mhór agus ar aghaidh go dtí an Sportsgrounds. Cruthaíonn sé spás sa chathair agus sna ceantair máguaird a thugann tús áite do choisithe, do rothaithe agus d'iompar poiblí thar an gcarr príobháideach, agus treiseoidh sé go mór na modhanna sin mar roghanna inmharthana do chomaitéirí agus do chuairteoirí araon.

Príomhláithreacha
Is iad na príomhláithreacha feadh an bhealaigh atá le huasghrádú, i leith na timpeallachta uirbí chun spásanna compordacha a chruthú do choisithe:

- **Bóthar na hOllscoile – tairseach na cathrach ón iarthar, le rochtain ar ghréasán na gcanálacha, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Oileán Altanach (ón acomhal le Bóthar an Chaisleáin Nua go Droichead na mBradán);**
- **Ceathrú na hArd-Eaglaise – a chuimsíonn an bealach isteach chun tosaigh ar Ard-Eaglais na Gaillimhe agus an spás sráide thart air;**
- **Droichead Coisithe nua in aice le Droichead na mBradán, rud a thabharfaidh rogha eile do choisithe in ionad na drochshaoráidí do choisithe ar Dhroichead na mBradán;**
- **Teach na Cúirte (Cois Uisce) – ceantar tábhachtach cois abhann in aice le Ceathrú na hArd-Eaglaise;**
- **Sráid San Proinsias/Sráid Eglinton – ag soláthar nascachta leis na ceantair do choisithe amháin ar Shráid Liam, Sráid na Siopaí agus an ceantar máguaird;**
- **An Fhaiche Mhór – an príomhcheann scríbe i lár na cathrach le haghaidh siopadóireachta agus caitheamh aimsire;**
- **Ceathrú Cheannt – a chuimsíonn Stáisiún Cheannt, agus acomhal iarnróid/bus; agus**
- **Bóthar an Choláiste – tairseach na cathrach ón oirthear.**

Cuirtear an Nasc Traschathrach i láthair ar chúl an leathanaigh, agus léirítear roinnt radharc feadh an bhealaigh ar na leathanaigh ina dhiaidh sin.

Tabhair faoi deara nach bhfuil anseo ach léaráidí coincheapa agus go mbeidh próiseas dearaidh ar leith ann ina leith.

An Nasc Traschathrach – tograí an réimse phoiblí

Prospect Hill
An Fhaiche Mhór
An Fhaiche Mhór
Sráid Forster
Lána na bhFrinseach
Bóthar an Stáisiúin
An Fhaiche Mhór

An Nasc Traschathrach – An Fhaiche Mhór Theas

An Nasc Traschathrach – Sráid Eglinton

8.1 Soghluaisteacht Chliste

Is féidir cur síos a dhéanamh ar Shoghluaisteacht Chliste mar an chaoi a bhfuil seirbhísí iompair cliste ag athrú an chaoi a bhfeidhmíonn cathracha. Baineann Réitigh Iompair Chliste leas as an teicneolaíocht chun éifeachtúlacht, sábháilteacht agus comhordú ar fud na ngréasán iompair a mhéadú.

Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla, le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, ar aghaidh ag glacadh le Soghluaisteacht Chliste agus le Réitigh Iompair Chliste mar bhealach chun an taithí fhoriomlán iompair a fheabhsú i nGaillimh, ag tógáil ar thionscnaimh ar nós Lárionad Bainistíochta Iompair Uirbigh na Cathrach. Is ionann an Lárionad sin agus an mol do rialú tráchta uirbigh sa chathair mar aon le Córas Treoraithe Páirceála, Comharthaí Teachtaireachtaí Dinimiciúla, Teilifís Chiorcaid Iata agus córas monatóireachta fabhtanna a tugadh isteach le deireanaí.

Áirítear le feabhsuithe eile a chur an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun cinn le blianta beaga anuas ticéadú comhtháite a thabhairt isteach tríd an gcárta Leap, Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí a sholáthar ag stadanna bus, agus Scéim Roinnte na Rothar a thabhairt isteach sa chathair.

Úsáidfear beartais Soghluaisteachta Cliste agus Réitigh Iompair Chliste chun tacú le bonneagar molta agus féachaint chuige go seasfaidh sé an aimsir, chun athruithe a chur i bhfeidhm agus chun luach a chur le hoibríocht an ghréasáin iompair trí éifeachtúlacht a mhéadú oiread agus is féidir agus a chinntiú go bhfeidhmíonn an gréasán ar fad chomh maith agus is féidir.

Is féidir tionscadail soghluaisteachta cliste a chur ina dtrí ghrúpa leathana:

- Tionscadail a sholáthraíonn toilleadh breise ar an ngréasán iompair;
- Tionscadail a chuimsíonn bainistíocht éilimh; agus
- Tionscadail a úsáideann córais chliste chun éifeachtúlacht fhoriomlán agus coigilteas costais do phaisinéirí a sheachadadh.

Is féidir le tionscadail bheith i níos mó ná catagóir amháin agus sochair iomadúla a sheachadadh.

Is féidir toilleadh breise a bhaint amach trí úsáid éifeachtach an ghréasáin, trí acmhainn níos fearr ar athrú agus éascaíocht gluaiseachta níos fearr a thabhairt chuig an modh is oiriúnaí ag láithreacha difriúla.

Forbrófar bearta **bainistíochta éilimh** le himeacht ama agus áireofar leo seans tús áite a thabhairt do bhusanna agus do choisithe ag soilse tráchta, struchtúir táillí páirceála a bhainistiú chun an fonn

a bheadh ar dhaoine taisteal chuig lár na cathrach ina gcarr a laghdú, agus bainistíocht tráchta chun an t-ordlathas riachtanas athbhreithnithe a threisiú i gcroílár na cathrach ón gcarr príobháideach go modhanna eile. Eascróidh bearta féideartha ag leibhéal 'beartais' ionas gur féidir bearta a fhorbairt agus a rangú mar bhearta a chomhlíonann aidhmeanna beartais. Áireofar le tionscadail cur i bhfeidhm beartas eile dá leithéid a d'fhéadfaí a mheas mar bhearta bainistíochta éilimh.

Áirítear le **córais chliste** iad siúd a úsáideann teicneolaíochtaí reatha agus teicneolaíochtaí amach anseo chun seirbhísí a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtaí. Thar a saolré seachadfaidh na córais sin an tseirbhís bheartaithe ag costas níos ísle agus seirbhís níos fearr don chustaiméir. Is féidir coigilteas costas a bhaint amach trí sheachadadh a chuíchóiriú, trí ídiú cumhachta a ísliú agus trí aistriú córa iompair a spreagadh.

Áirítear le tionscadail mholta Soghluaisteachta Cliste agus Réitigh Iompair Chliste do Ghaillimh mar chuid den Phlean Iompair seo:

- Carranna príobháideacha neamhriachtanacha a bhaint ó chroílár na cathrach;
- Lárionad Bainistíochta Tráchta Uirbigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chothú, a leathnú agus a chomhtháthú;
- Córas comhtháite ticéadaithe nó modh íocaíochta uilíoch a sholáthar do gach modh;
- Córas páirceála cliste a chruthú agus a chur i bhfeidhm i gCathair na Gaillimhe;
- Córas soilse sráide cliste a chruthú do Ghaillimh;
- Córas comhtháite fhios an bhealaigh a sholáthar do gach modh;
- Na hacomhail ar fad ar a bhfuil soilse tráchta a iniúchadh chun a chinntiú go bhfuil an leagan amach, an chumraíocht agus an oibríocht cheart i bhfeidhm;
- Bealaí tosaíochta cliste a chruthú do choisithe agus do rothaithe;
- Saoráidí páirceála cliste a sholáthar do rothaithe;
- Seirbhís tacsaí "an mhíle dheireanaigh" a sholáthar d'úsáideoirí bus;
- Struchtúr bunaithe ar chriosanna ina bhfuil praghsáil inathraitheach a sholáthar d'iompar poiblí;
- Imscrúdú a dhéanamh ar phraghsáil inathraitheach bunaithe ar éileamh do pháirceáil;
- Úsáid feithiclí leictreacha le himeacht ama a spreagadh agus freastal ar an úsáid sin;
- Sárú soilse dearga agus srianta páirceála a chur i bhfeidhm; agus
- A chinntiú go seasfaidh na tograí ar fad an aimsir le haghaidh Réitigh Iompair Chliste Chomhoibríocha (trínar féidir le feithiclí agus le gairis a bheith i mbun cumarsáide).

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tar éis glacadh le Soghluaisteacht Chliste agus le Réitigh Iompair Chliste a chur chun cinn, mar is léir ó thógáil agus ó choimisiúnú Lárionad Bainistíochta Tráchta Uirbigh na Cathrach.

8.2 Taisteal go hIonaid Oideachais

Gné ríthábhachtach is ea taisteal chun na scoile a imríonn tionchar ar chúrsaí iompair i nGaillimh, go háirithe i rith bhuaicuaireanta na maidine. Cuireann turas chun na scoile i gcarr go mór le tranglam áitiúil agus bíonn tionchar suntasach acu ar am taistil i ngach modh. In go leor cásanna, bíonn turas go scoil chun páistí a thabhairt chun na scoile ina chuid de thuras eile, turas chun na hoibre go hiondúil, agus dá bhrí sin tá sé dúshlánach réitigh uileghabhálacha ar an iompar scoile a fhorbairt a fheilfidh don cheantar staidéir iomlán. Teastaíonn réitigh shaindeartha d'ionaid scoile ar leith go minic. Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle leis an Roinn Oideachais d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar thionchar na mbeartas iontrála scoile ar an éileamh ar thaisteal chun na scoile. Ach, ar fud an cheantair staidéir, tugann feabhsuithe ar shocruithe iompair scoile molta mar chuid den dréacht-Straitéis Iompair seo iad seo a leanas le chéile:

- Cláir athraithe iompraíochta a spreagann scoláirí agus páistí scoile le taisteal chun na scoile i mbealaí eile seachas sa charr;
- Soláthróidh feabhsuithe straitéiseacha ginearálta ar ghréasáin bus, rothaíochta agus siúil deiseanna sábháilte do scoláirí le modhanna nach carr iad a úsáid – go háirithe nuair a bheartaítear go mbeidh gréasáin bhus agus rothaíochta ag freastal ar ionaid oideachais;
- Feabhsuithe tréscaoilteachta a dhírítear ar an siúl agus ar an rothaíocht, ag feabhsú rochtana ar an ngréasán bus, agus a laghdóidh oiread agus is féidir an méid bealaí is gá dóibh siúd ar mian leo dul chun na scoile de shiúl na gcos nó ar rothar a úsáid;
- Cur chun cinn pleananna taistil scoile, agus rannpháirtíocht i dtionscnamh Taistil na Scoileanna Glasa; agus
- Ag an dara agus ag an tríú leibhéal, pleanáil bainistíochta gluaiseachta a chur i bhfeidhm do thaisteal scoláirí agus mic léinn, i dteannta chur chun cinn dírithe na roghanna malartacha ar an gcarr príobháideach chun níos mó eolais a thabhairt dóibh faoina roghanna taistil.

Léirítear i bhFíor 8.1 láithreacha na saoráidí oideachais i gCathair na Gaillimhe i gcomhthéacs ghréasáin bus agus rothaíochta mholta na Dréacht-Straitéise Iompair.

Gné ríthábhachtach is ea taisteal chun na scoile a imríonn tionchar ar chúrsaí iompair i nGaillimh, go háirithe i rith bhuaicuaireanta na maidine.

Fíor 8.1 Gréasáin Bus agus Rothaíochta Mholta agus suíomhanna saoráidí oideachais



8.3 Comhtháthú Úsáid Talún

Tá comhtháthú úsáid talún agus iompair riachtanach chun maireachtáil cathrach inbhuanaithe a chruthú. Is féidir le hailíniú patrúin lonnaíochta agus úsáid talún le straitéis iompair chomhtháite deiseanna a sholáthar chun an méid a bhítear ag brath ar an gcarr a laghdú agus chun infheistíocht níos mó i mbealaí malartacha taistil a éascú, lena n-áirítear iompar poiblí, siúl agus rothaíocht. Seachadann sé freisin tairbhí suntasacha i dtéarmaí brú tráchta laghdaithe, astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe, sláinte agus folláine fheabhsaithe agus tá buntáistí ag baint leis don fhearann poiblí.

Is beartas straitéiseach de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe é comhdhlúthú na lonnaíochta i gceantair atá gar d'ionaid fostaíochta, do shiopaí agus do shaoráidí pobail agus oideachais; léirítear é sin i mbeartais agus i gcuspóirí a bhaineann le húsáid talún i ndréacht-Phlean Forbartha na Cathrach 2017-2023. Cuireann an straitéis don chathair forbairt inbhuanaithe láithreáin athfhorbraíochta tábhachtacha chun cinn, láithreáin ar nós Stáisiún Cheannt, an Chalafoirt Istigh agus cheantar Bhóthar Áth Cinn, chomh maith le comhdhlúthú ceantar reatha cónaithe agus forbairt nua shuntasach sna hArdáin ar imeall thoir na cathrach.

Tacaítear tuilleadh leis sin i ndréacht-Phlean Forbartha na Cathrach (2017-2023) trí fhorbairt comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe, ina laghdaítear an méid a bhítear ag brath ar iompar príobháideach agus ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go háitiúil, a éascaíonn rochtain siúil agus rothaíochta. Laghdaíonn comhdhlúthú agus comhchruinniú na forbartha éileamh taistil, agus éascaíonn sé soláthar éifeachtach seirbhísí, lena n-áirítear iompar poiblí, agus patrúin taistil níos inbhuanaithe.

Ag leibhéal áitiúil, soláthraíonn ullmhú Pleananna Limistéir Áitiúil agus máistirphleananna creat d'fhorbairt úsáide measctha i gcomhar leis an dréachtstraitéis seo agus cur i bhfeidhm dlús oiriúnach ag láithreacha in aice leis na bealaí iompair phoiblí. I dteannta a chéile, cinnteoidh na pleananna sin gur féidir patrúin taistil inbhuanaithe a bhaint amach.

Is féidir achoimre a thabhairt ar phríomhspriocanna an chomhtháthaithe úsáid talún agus iompair chun freagairt don riachtanas taistil mar seo a leanas:

An gá le taisteal a laghdú;
An fad le taisteal a laghdú;
An tréimhse le taisteal a laghdú;
Siúl agus rothaíocht a chur chun cinn; agus
Úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn.

Cuirtear úsáidí talún agus príomhchinn scríbe reatha a bhaineann leis na conairí iompair phoiblí a moladh sa dréacht-Straitéis Iompair seo i láthair i bhFíor 8.2.

Tá sé i gceist mar sin go dtreoróidh na prionsabail úsáid talún seo a leanas an fhorbairt i nGaillimh:

- Ba cheart forbairtí ardtoirte a mbíonn go leor turas ag tarlú dá mbarr dian, ar nós oifigí agus miondíola, a dhíriú den chuid is mó ar lár na cathrach, nó ar cheantair ina bhfuil an t-iompar poiblí go maith;
- Ba cheart tús áite a thabhairt d'fhorbairt chónaithe atá lonnaithe in aice le hiompar poiblí ardtoillte in áit forbartha i láithreacha le níos lú rochtana;
- Ba cheart go mbeadh gach togra forbartha neamhchónaithe faoi réir na n-uaschaighdeán páirceála – ba cheart go n-athródh na caighdeáin sin ag brath ar an suíomh maidir le lárnacht an togra sa chathair agus an leibhéal soláthar iompair phoiblí. D'fhéadfaí caighdeáin páirceála bunaithe ar cheantar a mheas;
- I gcás gach forbartha móire fostaíochta agus gach scoile nua nó sínte, ba cheart go mbeadh pleananna taistil/tionscnaimh bainistíochta soghluaisteachta ina gcoinníoll den chead pleanála agus ba cheart tabhairt fúthu de réir threoir reatha an Údaráis Náisiúnta Iompair;
- A mhéad is praiticiúil, ba cheart tabhairt faoi fhorbairt chónaithe go seicheamhach, ina dtugtar tús áite do na tailte is inrochtana, nó a bheidh is inrochtana, i dtéarmaí siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí – lena n-áirítear láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta;

- Ba cheart don phleanáil ag an leibhéal áitiúil siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a chur chun cinn trí líon na ndaoine a chónaíonn laistigh d'fhad siúil nó rothaíochta dá lárionaid comharsanachta nó ceantair, de sheirbhísí iompair phoiblí agus de sheirbhísí eile ag an leibhéal áitiúil, ar nós scoileanna, a mhéadú oiread agus is féidir;
- Ba cheart go mbeadh ceantair nua forbartha go hiomlán tréscaoilteach don siúl agus don rothaíocht, agus ba cheart tabhairt faoi iarfheistiú saoráidí siúil agus rothaíochta nuair is praiticiúil i gcomharsanachtaí reatha, chun buntáiste iomaíoch a thabhairt do na modhanna sin;
- Nuair is féidir, ba cheart d'fhorbairtí tréscaoilteacht scagtha a sholáthar. D'fhreastalódh sé sin ar rochtain siúil, rothaíochta, iompair phoiblí agus feithiclí príobháideacha, ach ag an am céanna chuirfeadh sé srian le turais i gcarranna príobháideacha nó dhíspreagfadh sé iad;
- A mhéad is praiticiúil, níor cheart tograí chun ceart slí a chur ar ceal nó do riachtanais eile a bhreith mura mbíonn turais siúil agus rothaíochta níos timpeallaí mar thoradh orthu do mhuintir na háite agus iad ag teacht ar iompar poiblí nó ar chinn scríbe áitiúla; agus
- I gceantair uirbeacha, lena n-áirítear na bailte, na sráidbhailte agus na lonnaíochta ar fad, treoróidh an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha tograí áitiúla ag féachaint le modhanna siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a athdhearbhú mar roghanna malartacha ar an gcarr príobháideach

Fíor 8.2 Comhtháthú Úsáide Talún le bealaí iompair phoiblí atá molta

8.4 Athrú Iompraíochta

Baineann athrú iompraíochta, de réir mar a bhaineann sé le cúrsaí iompair, le daoine a dhéanamh feasach ar an réimse roghanna taistil atá ar fáil do na turais éagsúla a dhéanann siad go laethúil agus úsáid roghanna taistil níos inbhuanaithe nuair is féidir a spreagadh. Áirítear le bearta chun í sin a spreagadh iompar poiblí, siúl, rothaíocht agus roinnt cairr a chur chun cinn go díreach mar roghanna malartacha ar dhuine amháin i gcarr príobháideach. Cuimsíonn siad cur chuige an-phearsanta a bhfuil d'aidhm aige grúpa daoine a dhéanamh rannpháirteach i bplé, iad a chur ag smaoineamh faoina roghanna taistil, an fhaisnéis ar fad a sholáthar dóibh, agus úsáid roghanna malartacha a spreagadh agus a dhreasú.

Le bliana beaga anuas, tá níos mó eolais ag daoine ar an tairbhe is féidir a bhaint as cláir dá leithéid, á cothú ag cáipéis beartais Taistil Chliste na Rialtais, agus tionscnaimh agus obair thacaíochta a rinne roinnt gníomhaireachtaí. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as bainistíocht Chlár Taistil Chliste na nIonad Oibre agus na gCampas agus riarann sé an Modúl Taistil do Scoileanna Glasa thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. I dteannta an dá chroíchlár sin, maoiníonn an tÚdarás tionscnaimh athraithe iompraíochta trí Chlár Deontas Iompair Inbhuanaithe do Chathracha Réigiúnacha do Chathair na Gaillimhe.

D'éirigh thar cionn leis na cláir sin chun úsáid carranna a laghdú in go leor láithreacha ar fud na tíre agus má chothaítear agus má leathnaítear iad, d'fhéadfadh tionchar ag an leibhéal réigiúnach a bheith acu ar iompraíocht taistil i Mórcheantar Uirbeach na Gaillimhe.

Mar shampla, tharla an t-ardú náisiúnta ar líon na ndaltaí ag rothaíocht chun na bunscoile idir 2006 agus 2011 – an chéad ardú dá leithéid le glúin anuas – ag an am céanna ar tosaíodh ar Thaisteal na Scoileanna Glasa a chur i bhfeidhm ar scála suntasach. Ina theannta sin, ainmníodh grúpa Ospidéil Ollscoile na Gaillimhe mar 'Ionad Oibre Taistil Chliste na Bliana' in 2015 i ndiaidh a n-iarrachtaí chun an líon daoine a thaistealaíonn chuig an ospidéal agus abhaile arís i gcarr leo féin a laghdú.

Tá na cláir sin ina gcroíghné den dréachtstraitéis seo agus dá réir, tugtar tiomantas do chur i bhfeidhm agus do thacaíocht leanúnach do Chlár Taistil Chliste na nIonad Oibre agus na gCampas agus Taisteal Scoile thar a shaolré. Leanfar ar aghaidh ag cur tionscnaimh athraithe iompraíochta chun cinn i nGaillimh i measc taistealaithe chuig an gcathair, inti agus uaithi chun úsáid modhanna taistil inbhuanaithe a spreagadh, iompar poiblí, siúl, rothaíocht agus roinnt cairr go príomha, mar roghanna malartacha ar dhuine amháin i gcarr príobháideach. Forbrófar agus díreofar tionscnaimh i láithreacha éagsúla agus ag scálaí difriúla, e.g. ionaid oibre, scoileanna agus comharsanachtaí.

eircom
UNLIMITED
with superfast
fibre broadband
from eircom
€35
1800 303 601
eircom

Cur i bhFeidhm

Beartaítear go mbeidh an dréachtstraitéis seo ina creat do leathnú fadtéarmach an iompair i gCathair na Gaillimhe agus na Ceantair Máguaird as seo go ceann fiche bliain. Cuirfear an straitéis i bhfeidhm, agus seachadfar na tograí sonracha, trí shraith 'pleananna forfheidhmithe' ilbhliantúla a chomhaontófar idir na Comhairlí agus na gníomhaireachtaí maoinithe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair go háirithe.

Leagfar amach sna pleananna forfheidhmithe cláir seachadta ghearrthéarmacha le haghaidh na dtograí i Straitéis Iompair na Gaillimhe, agus beidh siad go hiomlán feasach ar mhaoiniú a bheith ar fáil, chomh maith leis na riachtanais agus amlínte a bhaineann le próisis phleanála reachtúla. Ar deireadh, cinnteoidh sé sin gur féidir an straitéis a sheachadadh go tráthúil agus go héifeachtach, agus cinnteoidh sé go mbaintear an leas is fearr is féidir as na tairbhí iompair do Ghaillimh.

Meastar go léireofar inneachar na bpleananna forfheidhmithe seo i bpleananna seirbhíse bliantúla na gComhairlí Cathrach agus Contae freisin.

Déanfar foráil d'athbhreithniú tréimhsiúil na Straitéise chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh, chomh maith le haon deiseanna forbartha nua a thagann chun cinn, nó chun riachtanais athraithe ghréasán iompair na Gaillimhe a léiriú.

Ó thaobh na pleanála straitéisí de, meastar go gcuirfear Straitéis Iompair na Gaillimhe i bhfeidhm thar thrí thréimhse ama leathana (Gearrthéarmach, Meántéarmach agus Fadtéarmach). Leagtar amach an tréimhse seachadta i bhFíor 9.1.

Ar deireadh, cinnteoidh sé sin gur féidir an straitéis a sheachadadh go tráthúil agus go héifeachtach, agus cinnteoidh sé go mbaintear an leas is fearr is féidir as na tairbhí iompair do Ghaillimh.

Fíor 9.1 Cur i bhFeidhm Táscach De Réir a Chéile Straitéis Iompair na Gaillimhe

Cur i bhFeidhm agus Torthaí

Torthaí

Ach na tograí a leagtar amach sa dréachtstraitéis seo a chur i bhfeidhm, beidh torthaí dearfacha ann do Ghaillimh, ag soláthar tairbhí fadtéarmacha iompair, turasóireachta, tráchtála/miondíola agus réimse phoiblí don chathair agus don cheantar máguaird. Tá liosta de na tairbhí sin anseo thíos:

A chinntiú go seasfaidh an Chathair an aimsir – chun a chinntiú gur féidir le Gaillimh fás mar lárionad geilleagrach agus cultúrtha in Iarthar na hÉireann, tá an dréachtstraitéis ina creat do riachtanais iompair na cathrach agus na gceantar máguaird sa todhchaí, i dtéarmaí soláthar Iompair Phoiblí, Siúil, Rothaíochta agus Bóithre Straitéiseacha.

Bonneagar Nua Iompair a Éascú –

- **Iompar Poiblí:** ag cinntiú go dtugtar isteach an 'Nasc Traschathrach' chun an líon daoine atá in ann dul chomh fada le croí na cathrach le hiompar poiblí a mhéadú;
- **Siúl agus Rothaíocht:** Ar an gcaoi chéanna, ag cinntiú go bhforbraítear gréasán bealaí rothaíochta agus siúil ar fud na cathrach agus na gceantar máguaird chun naisc shábháilte, áisiúla agus chompordacha a sholáthar go príomhchinn scríbe ó cheantair chónaithe; agus
- **An Gréasán Bóithre:** Rochtain agus gluaiseacht fheabhsaithe a sholáthar trasna Chathair na Gaillimhe agus na gceantar máguaird, agus iontu, agus forbairt bóthar faoisimh straitéiseach a éascú a chomhlíonfaidh riachtanais toillte bóithre fhadtéarmacha na cathrach, chomh maith le rochtain i bhfad níos fearr a sholáthar d'iarthar Chontae na Gaillimhe.

Éifeachtúlacht Fheabhsaithe an ghréasáin iompair fhoriomláin, tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as an spás bóthair srianta i lár na cathrach, rud a éascóidh rochtain níos fearr ar an gcathair.

Timpeallacht, Réimse Uirbeach agus Comhthimpeallacht Fheabhsaithe – Ag feabhsú sráid-dreach lár na cathrach, ag laghdú truailliú torainn agus aeir agus ag cur níos mó spáis ar fáil inar féidir le daoine dul i mbun siúil, siopadóireachta agus a saoil shóisialta agus taitneamh a bhaint as an gcathair.

Tairbhí Turasóireachta, Tráchtála agus Miondíola – Ag feabhsú thimpeallacht fhoriomlán tráchtála/miondíola agus turasóireachta na Gaillimhe, le toilleadh breise iompair don lucht siopadóireachta agus do chuairteoirí atá ag dul go lár na cathrach, agus go príomhcheantair turasóireachta ar nós Phromanáid Bhóthar na Trá agus Ráschúrsa na Gaillimhe.

CITY SIGHTSEEING TOUR
TOURS DAILY from 11am to 4.30pm
CITY SIGHTSEEING TOUR
HOP ON HOP OFF
HOP ON HOP OFF
STOP 1
DRAFT

Deane
Darcy
Deane
Martin
Morris

“réigiún cathrach ceangailte arna thiomáint ag soghluaisteacht níos cliste”